| | |
|---|---|
| **COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH** | **An Bhruiséil, 27 Iúil 2007 (09.10)**<br>**(OR. en)** |
| | **12241/07** |
| **Comhad idirinstitiúideach: 2007/0163 (COD)** | |
| | **EDUC 123**<br>**MED 33**<br>**SOC 290**<br>**PECOS 7** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dar dáta: | 25 Iúil 2007 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Foras Eorpach Oiliúna (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo togra ón gCoimisiún, a cuireadh isteach le litir chlúdaigh ó Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir, chuig Javier SOLANA, An tArdrúnaí/Ardionadaí.

---

Faoi iamh: COIM(2007) 443 leagan deireanach

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil, 25.7.2007
COIM(2007) 443 leagan deireanach

2007/0163 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Foras Eorpach Oiliúna (athmhúnlú)**

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. Réamhrá

Is gníomhaireacht dhíláraithe de chuid an AE é an Foras Eorpach Oiliúna, dá ngairtear an Foras anseo feasta, arna cruthú faoi Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1990[1]. Tá an Foras suite i Torino (An Iodáil).

Is é cuspóir foriomlán an Fhorais, de réir a Rialacháin bhunaithigh, rannchuidiú le córais ghairmoiliúna a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta a thagann faoina raon feidhme geografach.

Bunaíodh an Foras, den chéad uair, chun tacaíocht a sholáthar don chlár cúnaimh eachtraigh PHARE i réimse na gairmoiliúna. I ndiaidh trí leasú chomhleanúnacha a dhéanamh ar a Rialachán bunaitheach, áfach, tá raon feidhme geografach níos leithne ag an bhForas ina gcuimsítear na tíortha a bhí clúdaithe i gcláir eile a tháinig roimhe, is iad sin TACIS, CARDS agus MEDA.

Ó rinneadh leasú ar Rialachán bunaitheach an Fhorais go deireanach, tá forbairtí tábhachtacha déanta ar an dearcadh a ghlacann beartas an Aontais Eorpaigh i leith réimsí an oideachais, na hoiliúna agus an chaidrimh eachtraigh, agus glacadh ionstraimí nua chun na beartais sin a chur chun feidhme. Dá réir sin, táthar den tuairim go bhfuil gá leasú úr a dhéanamh ar Rialachán bunaitheach an Fhorais chun na forbairtí is déanaí a chur san áireamh, chun ról agus feidhm an Fhorais a thabhairt suas chun dáta agus chun bunsraith iontaofa a sholáthar d'obair an Fhorais sa todhchaí.

In 2005 thíolaic an Coimisiún dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le creat oibriúcháin le haghaidh Gníomhaireachtaí Eorpacha Rialúcháin[2]. Cé go mbeartaítear leis an gcreat seo, atá fós ina thogra ag an gcéim seo, an Coimisiún a threorú maidir le gníomhaireachtaí díláraithe nua a chur ar bun, ba chóir prionsabail an chreata a chur san áireamh freisin agus leasuithe suntasacha á moladh ar Rialacháin bhunaitheacha na ngníomhaireachtaí reatha, ag a bhfuil an cuspóir fadtéarmach ardleibhéal cóineasaithe a bhaint amach ar phríomh-shaincheisteanna. Cuireadh prionsabail an dréacht-Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh (an dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach anseo feasta) san áireamh agus an togra seo á ullmhú.

Ina theannta sin, is é is aidhm don togra reachtach seo leagan athmhúnlaithe de Rialachán bunaitheach an Fhorais a chur ar fáil, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha a bhaint as an teicníocht athmhúnlaithe le haghaidh ionstraimí dlíthiúla[3]

---

1 IO L 131, 23.5.1990, lch. 1.

2 COM(2005) 59 críochnaitheach 25.2.2005. Féach freisin an Teachtaireacht maidir le creat oibriúcháin le haghaidh Gníomhaireachtaí Eorpacha Rialúcháin COM(2002)718 críochnaitheach 11.12.2002

3 IO C 77, 28.3.2002, lch. 1.

## 2. Comhthéacs agus cuspóirí an togra

### *2.1. Forbairtí nua sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint (GG)*

Is é sainchúram téamach an Fhorais, mar atá sonraithe ina Rialachán bunaitheach, rannchuidiú le córais ghairmoiliúna a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta.

Le blianta beaga anuas, tá athrú treo le tabhairt faoi deara i mbeartas oideachais agus oiliúna an AE ó dhearcadh ina n-amharctar go leithleach ar na hearnálacha éagsúla go dearcadh ina gcuimsítear foghlaim ar feadh an tsaoil agus ina nglactar dearcadh iomlánaíoch ar an oideachas agus ar an oiliúint mar chuid de chóras iomlán foghlama a chuimsíonn oideachas bunscoile agus dara leibhéal, ardoideachas, GG tosaigh agus leanúnach, breisoideachas agus oideachas aosach.

Ina theannta sin, glactar leis go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina príomhfhachtóir maidir le spriocanna Liospóin a bhaint amach mar gur féidir léi an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí níos ginearálta a thabhairt do dhaoine ionas go mbeidh ar a gcumas oibriú agus maireachtáil mar shaoránaigh ghníomhacha i ngeilleagar agus i sochaí dhinimiciúil atá ag athrú go tapa.

Sa chomhthéacs seo, ní féidir amharc ar an ngairmoiliúint thraidisiúnta, a shainmhínítear mar nós imeachta a chuireann scileanna a bhaineann leis an obair agus ar féidir a úsáid láithreach ar an margadh saothair ar fáil do dhaoine, ar leithlis ó fhorbairtí i réimsí eile san oideachas nó ó chlaontaí fadtéarmacha sa mhargadh saothair.

### *2.2. Ionstraimí úra maidir le beartas caidrimh eachtraigh*

I ndiaidh leasuithe comhleanúnacha a dhéanamh ar Rialachán bunaitheach an Fhorais, sainmhíníodh raon feidhme geografach an Fhorais go dtí seo faoi threoir na gclár caidrimh eachtraigh faoina raibh an Foras ag oibriú (PHARE, CARDS, TACIS, MEDA).

Amhail ó 2007, tá ionstraimí úra maidir le beartas caidrimh eachtraigh curtha in ionad na gclár seo, go háirithe an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI).

Céim shuntasach bhreise i dtreo cur chuige atá dírithe ar bheartais seachas ar chláir i leith cúnaimh eachtraigh laistigh de dhearcadh uile-earnála is ea tabhairt isteach na n-ionstraimí úra seo maidir le beartas caidrimh eachtraigh. Tá na hionstraimí seo ceaptha chun cuidiú le tíortha comhpháirtíochta athchóirithe dúchais a bhaint amach sna hearnálacha difriúla.

Sa chomhthéacs nua seo, beidh sé de cheangal níos minice de réir a chéile ar an bhForas faisnéis agus anailís a sholáthar don Choimisiún ag an gcéim a bhaineann le forbairt beartas agus beartú cúnaimh, mar aon le rannchuidiú a thabhairt, ar iarraidh ón gCoimisiún, le hanailís ar éifeachtacht fhoriomlán an chúnaimh oiliúna a thugtar do thíortha comhpháirtíochta. Díreofar aird freisin ar chúnamh a thabhairt do na tíortha comhpháirtíochta cur lena gcumas chun straitéisí athchóirithe a shainmhíniú agus a chur chun feidhme; straitéisí a bheidh oiriúnach don chomhthéacs náisiúnta, agus ar líonrú agus malartú taithí agus dea-chleachtais a chur chun cinn idir an tAE agus na tíortha comhpháirtíochta agus idir na tíortha comhpháirtíochta féin.

### *2.3. Meastóireacht sheachtrach ar an bhForas*

I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán bunaitheach an Fhorais, arna mhodhnú le Rialachán 1572/98 ón gComhairle[4], rinneadh meastóireacht sheachtrach in 2005 ar ghníomhaíochtaí an Fhorais sa tréimhse 2002 – 2005. Cuireadh an tátal deiridh a bhí ar an meastóireacht, mar aon le sraith moltaí, faoi bhráid an Choimisiúin in 2006, agus bhí siad ina n-ábhar Teachtaireachta ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa, ar Teachtaireacht í a glacadh an 19 Nollaig 2006[5].

Dhaingnigh an mheastóireacht go bhfuil an obair a dhéanann an Foras fiúntach agus dúradh go bhfuil dearcadh dearfach ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag toscaireachtaí AE ar an saineolas a chuireann an Foras ar fáil maidir le GG.

Rinne na meastóirí plé freisin ar shraith moltaí a bhfuil gá go ndéanfaidh an Coimisiún nó an Foras gníomhú ina leith. Rinne an Coimisiún anailís ar chinntí, ar thátal agus ar mholtaí na meastóirí, agus tugadh aird chuí orthu nuair a bhí an togra reachtach seo á dhréachtú. Tá na moltaí is tábhachtaí sa chomhthéacs sin leagtha amach thíos.

#### *2.3.1. Sainchúram téamach an Fhorais*

Chinn na meastóirí go bhfuil sainchúram téamach an Fhorais rótheoranta mar go dteorannaítear é do GG amháin agus, cé gur léirigh an Coimisiún agus an Foras roinnt solúbthachta ina leith le blianta beaga anuas, mhol na meastóirí gur chóir ról an Fhorais a shainmhíniú san athbhreithniú ar Rialachán bunaitheach an Fhorais ar an bhforas nach bhfuil i GG ach cuid amháin de chlár níos leithne i bhForbairt Acmhainní Daonna.

#### *2.3.2. Raon feidhme geografach*

Rinne na meastóirí argóint ar son breis solúbthachta i raon feidhme geografach an Fhorais, mar go gceadódh sé seo don Choimisiún an saineolas ar leith atá aige a úsáid i dtíortha atá ag céim inchomparáide forbartha agus a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha chomhchosúla os a gcomhair amach. É sin ráite, chuir na meastóirí i bhfios go láidir nach mór diantosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí an Fhorais agus an tsolúbthacht seo á cur i bhfeidhm.

#### *2.3.3. Struchtúir rialachais*

Chuir na meastóirí béim ar a gcuid tátail nach mór ról straitéiseach an Bhoird Rialaithe a threisiú agus cé gur líonra tábhachtach agus úsáideach saineolaithe é an Fóram Comhairleach, nach bhfuil sé inchurtha leis an ról atá aige comhairle a thabhairt don Bhord Rialaithe agus nár chóir don Fhóram an fheidhm reachtach atá aige faoi láthair a choimeád.

### *2.4. Conclúid*

I bhfianaise na réasúnaíochta thuas, is éard atá beartaithe ag an gComisiún:

- gur chóir sainchúram téamach an Fhorais a leathnú, chun forbairt acmhainní daonna a chuimsiú ann, go háirithe oideachas agus oiliúint ó dhearcadh fadsaoil, mar aon le saincheisteanna gaolmhara a bhaineann leis an margadh saothair;

[4] IO L 206, 23.7.1998, lch.1.
[5] COM(2006) 832 críochnaitheach.

- thairis sin, ní mór raon feidhme geografach an Fhorais a thabhairt suas chun dáta agus a shainmhíniú arís faoi threoir ionstraimí agus tosaíochtaí úra an Aontais Eorpaigh maidir le beartas caidrimh eachtraigh;
- ní mór feidhmeanna an Fhorais a oiriúnú laistigh den timpeallacht nua oibre seo ach bheith dírithe ar na tosaíochtaí a bunaíodh go soiléir i gcomhar leis an gCoimisiún;
- ní mór struchtúir rialachais an Fhorais a nuachóiriú, d'fhonn cinnteoireacht éifeachtach a chur chun cinn agus cuidiú le cóineasú fadtéarmach leis na Gníomhaireachtaí eile, dá bhforáiltear sa dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach.

## 3. Fírinniú thogra an Choimisiúin

Foráiltear leis an togra seo do na leasuithe is gá ar an Rialachán bunaitheach agus cuidíonn sé leis an reachtaíocht a bhaineann leis an bhForas a shimpliú.

## 4. Rogha ionstraime dlí: Rialachán athmhúnlaithe

Tar éis a ghlactha i 1990 rinneadh trí leasú ar Rialachán bunaitheach an Fhorais (i 1994, i 1998 agus in 2000) chun an raon feidhme geografach atá ag gníomhaíochtaí an Fhorais a leathnú go dtí tíortha TACIS, MEDA agus CARDS faoi seach. Thairis sin, rinneadh an ceathrú leasú ar an Rialachán bunaitheach in 2003 chun é a chur i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nua.

Ós rud é go bhfuil gá faoi láthair le leasú suntasach a dhéanamh ar an Rialachán seo, mar atá mínithe i mír 2 thuas, measann an Coimisiún gurb é seo an tráth ceart chun an teicníocht athmhúnlaithe a úsáid, mar atá tuairiscithe i gComhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha a bhaint as an teicníocht athmhúnlaithe le haghaidh ionstraimí dlíthiúla[6], d'fhonn téacs reachtach amháin a ghlacadh a dhéanfaidh, go comhuaineach, na leasuithe is inmhianaithe, na leasuithe sin leis na forálacha gan athrú sna hionstraimí roimhe a chódú agus na hionstraimí sin a aisghairm.

## 5. Bunús dlí

Soláthraíonn Airteagal 235 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (Airteagal 308 den Rialachán seo) an bunús dlí le Rialachán bunaitheach an Fhorais.

Luaitear, áfach, i mír 4.1 den Teachtaireacht maidir le creat oibriúcháin do na Gníomhaireachtaí Eorpacha Rialúcháin[7] "*nach mór d'ionstraim dlí lena gcruthaítear [Gníomhaireacht] bheith bunaithe ar fhoráil ón gConradh atá mar bhunús sonrach dlí leis an mbeartas sin*".

Is é tuairim an Choimisiúin go bhfuil dlúthcheangal fós idir shainchúram téamach an Fhorais, mar a thuairiscítear é sa Rialachán athmhúnlaithe seo, agus bheartas an AE sa sainréimse seo, cé go gcuimsíonn an sainchúram sin réimse níos leithne ná an ghairmoiliúint "thraidisiúnta".

---

6 IO C 77, 28.3.2002, lch. 1.
7 COM(2002)718 críochnaitheach 11.12.2002.

Dá bhrí sin, is léir gurb é Airteagal 150 den Chonradh maidir le gairmoideachas, agus go háirithe mír 3 ina sonraítear an méid seo a leanas: "*Taobhóidh an Comhphobal agus na Ballstáit leis an gcomhar le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta is inniúil maidir le gairmoiliúint*", atá ina bhunús cuí dlí le Rialachán bunaitheach an Fhorais.

Foráiltear le mír 4 den Airteagal céanna nach mór an ionstraim dlí atá beartaithe a ghlacadh de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 den Chonradh (comhchinnteoireacht).

## 6. Tráchtaireacht ar an téacs atá beartaithe

Is 27 airteagal atá san iomlán sa Rialachán bunaitheach athmhúnlaithe. Forlíontar formhór na n-airteagal a bhí ann cheana trí thagairtí nua nó trí eilimintí breise a chur leo, agus aistrítear airteagail eile go codanna eile den téacs agus/nó déantar athfhriotal orthu d'fhonn leagan níos soléite agus níos gonta a sholáthar. Cuirtear roinnt airteagal nua leis an téacs chun díriú ar eilimintí a moladh faoin dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach. Fágtar roinnt airteagal gan athrú, agus scriostar roinnt airteagal eile mar go bhfuil siad tite as feidhm nó iomarcach.

Athraítear an tagairt a dhéantar don bhunús dlí, mar gur cuireadh Airteagal 150 in ionad seanAirteagal 235 (308 den Rialachán seo) den Chonradh ar na cúiseanna a mhínítear faoi phointe 5 thuas.

Modhnaítear na haithrisí mar seo a leanas: cuirtear an chéad aithris leis an téacs chun a thabhairt le fios go bhfuil an ionstraim dhlíthiúil úr ina hathmhúnlú ar an ionstraim a tháinig roimpi; tagraíonn aithris nua do shuíomh an Fhorais; cuirtear trí aithris nua leis an téacs chun soiléiriú a thabhairt maidir le modhnuithe a rinneadh ar an Rialachán bunaitheach roimhe seo; cuirtear trí aithris nua leis an téacs mar thagairt d'ionstraimí nua AE um beartas eachtrach agus leis an ngá le forbairt acmhainní daonna sna tíortha atá folaithe ag na hionstraimí sin.

Thairis sin, tagraíonn aithris nua don mheastóireacht sheachtrach a rinneadh ar an bhForas le deireanas agus don Teachtaireacht ghaolmhar ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa, mar go gcuirtear conclúidí na Teachtaireachta sin san áireamh sa togra seo.

Mar chríoch, tagraíonn sraith aithrisí nua do ról an Bhoird Rialaithe agus don dualgas atá ar an bhForas rialacha agus nósanna imeachta an Chomhphobail a chur i bhfeidhm i ndáil leis na réimsí seo a leanas: ceisteanna buiséid agus airgeadais; calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac; rochtain phoiblí ar dhoiciméid; sonraí pearsanta a phróiseáil. Daingníonn an aithris dheireanach go n-urramaíonn an Rialachán beartaithe na cearta bunúsacha a léirítear i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus go gcloíonn sé leis na prionsabail a léirítear ann.

Tugtar tuairisc thíos ar na príomhathruithe substaintiúla:

<u>Airteagal 1 (Ábhar agus raon feidhme)</u>

Mar a mhínítear thuas, i ngeall ar an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige bunaithe ar dhearcadh foghlama fadsaoil i leith an oideachais agus na hoiliúna agus ar an tábhacht leanúnach le saincheisteanna a bhaineann leis an margadh saothair d'obair an Fhorais bhí cúraimí an Fhorais níos forleithne i gcónaí ná mar a thuigfí ón bhfriotal a úsáidtear i sainchúram téamach an Fhorais.

D'fhonn an staid seo a chur ar bhonn foirmiúil, beartaítear sainchúram téamach an Fhorais a leathnú chun "*forbairt acmhainní daonna, go háirithe oideachas agus oiliúint ó dhearcadh fadsaoil i leith na foghlama, agus saincheisteanna a bhaineann leis an margadh saothair*" a chuimsiú ann.

Tá an Coimisiún den tuairim gur chóir don Fhoras, ag a bhfuil acmhainní teoranta, an fócas geografach atá aige faoi láthair a choimeád. Beartaítear, dá bhrí sin, príomhraon feidhme an Fhorais a shainmhíniú faoi threoir na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI). Chun go mbeidh an Foras in ann oibriú de réir na dtosaíochtaí caidrimh eachtraigh i réimsí nach dtig faoina phríomhraon feidhme (tíortha na hÁise Láir mar shampla), ba chóir do Bhord Rialaithe an Fhorais cinneadh *ad hoc* a thógáil maidir leis an togra ón gCoimisiún.

Déantar tagairt as seo amach do "thíortha comhpháirtíochta" in ionad "tíortha cáilithe" mar a ghairtí orthu go dtí seo.

<u>Airteagal 2 (Feidhmeanna)</u>

I bhfianaise an róil nua atá beartaithe don Fhoras faoi na hionstraimí úra maidir le beartas caidrimh eachtraigh ba chóir a chuid feidhmeanna a athshainiú mar seo a leanas:

- faisnéis, anailís bheartais agus comhairle a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le forbairt acmhainní daonna agus leis an gceangal atá acu le cuspóirí beartas earnálacha sna tíortha comhpháirtíochta;

- tacaíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara cuí sna tíortha comhpháirtíochta chun cur lena gcumas i bhforbairt acmhainní daonna;

- malartú faisnéise agus taithí a éascú idir bronntóirí a bhfuil baint acu le hathchóiriú na forbartha acmhainní daonna sna tíortha comhpháirtíochta;

- tacaíocht a thabhairt chun cúnamh Comhphobail a sholáthar do thíortha comhpháirtíochta i réimse na forbartha acmhainní daonna;

- faisnéis a scaipeadh agus líonrú agus malartú taithí agus dea-chleachtais maidir le saincheisteanna i bhforbairt acmhainní daonna a chur chun cinn idir an tAontas Eorpach agus na tíortha comhpháirtíochta agus i measc na dtíortha comhpháirtíochta féin;

- ar iarratas ón gCoimisiún, rannchuidiú leis an anailís a dhéantar ar éifeachtúlacht fhoriomlán an chúnaimh oiliúna a thugtar do na tíortha comhpháirtíochta.

<u>Airteagal 3 (Forálacha ginearálta)</u>

Tagraítear do shuíomh an Fhorais i mír 2, agus cuirtear isteach sonraí breise a shonraíonn an comhar leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP) i mír 3. Áirítear forálacha i míreanna 4 agus 5 maidir le rialú riaracháin arna dhéanamh ag an Ombudsman Eorpach agus le modúlachtaí a bhaineann le bunú comhaontuithe comhair idir an Foras agus na comhlachtaí cuí eile.

<u>Airteagail 4 (Trédhearcacht), 5 (Rúndacht) agus 6 (Leigheasanna)</u>

Fadaíonn na hairteagail seo raon feidhme sheanairteagal 4a maidir le rochtain ar dhoiciméid trí fhorálacha a chuimsiú a bhaineann le trédhearcacht agus le rúndacht agus a moladh faoin dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach agus foráil a dhéanamh do na leigheasanna is gá sa chomhthéacs seo.

Airteagail 7 (An Bord Rialaithe), 8 (Rialacha vótála agus cúraimí an Chathaoirligh) agus 9 (Cumhachtaí an Bhoird Rialaithe)

D'fhonn cinnteoireacht éifeachtach a chur chun cinn agus na costais oibriúcháin a íoslaghdú, is éard a bheartaítear le hAirteagal 7 athstruchtúrú ar Bhord Rialaithe an Fhorais, trí na prionsabail arna leagan síos sa dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach a chur san áireamh, mar seo a leanas:

- líon na n-ionadaithe ar an mBord Rialaithe a theorannú do chúig dhuine dhéag;
- ba chóir don Choimisiún agus don Chomhairle líon cothrom agus teoranta comhaltaí a ainmniú (seisear in aghaidh na hinstitiúide);
- ar mhaithe le trédhearcacht, ainmneoidh an Coimisiún triúr ionadaithe ó na tíortha comhpháirtíochta mar chomhaltaí den Bhord nach bhfuil cead vótála acu;
- ceapfar comhaltaí uile an Bhoird bunaithe ar an taithí atá acu san earnáil i dtrácht agus ar chomhionannas inscne ar feadh téarma cúig bliana (seachas na trí bliana atá ann faoi láthair).

Socraíonn Airteagal 9 dualgais agus cúraimí an Bhoird Rialaithe i slí atá achomair agus níos sothuigthe.

Seanairteagal 6 (Fóram comhairleach)

Ós rud é nach bhfuil feidhm reachtúil ag an bhFóram Comhairleach a thuilleadh mar orgán rialaithe de chuid an Fhorais, baintear an t-airteagal seo ón Rialachán bunaitheach. Féadfaidh an Fóram Comhairleach leanúint ar aghaidh, áfach, mar ghníomhaíocht de chuid an Fhorais, a oibreoidh i bhfoirm seimineár réigiúnach. Tacaíonn an tátal a fuarthas ón meastóireacht sheachtrach leis an dearcadh seo.

Airteagal 10 (An Stiúrthóir)

Cuireann an t-airteagal seo an nós imeachta maidir le ceapachán an Stiúrthóra i gcomhréir leis na moltaí a bhí sa dréacht-Chomhaontú Idirinstitiúideach agus leis an bplé is déanaí ar an ábhar seo ar leibhéal idirinstitiúideach. Folaíonn sé forálacha sonracha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an Stiúrthóir agus leis an deis an téarma oifige a fhadú uair amháin ach ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéad. Tá dualgais an Stiúrthóra leagtha síos i slí atá achomhair agus níos sothuigthe. Cuireadh isteach i mír 5 foráil fhollasach a bhaineann le ról an Bhoird Rialaithe maidir leis an Stiúrthóir a smachtú nó a bhriseadh as oifig.

Airteagal 11 (Leas an phobail agus neamhspleáchas)

Tá an t-airteagal nua seo i gcomhréir le moltaí an dréacht-Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh.

Airteagal 12 (Clár oibre bliantúil)

Is airteagal nua é seo a chuireann i láthair i slí atá achomair agus níos sothuigthe an nós imeachta maidir leis an gclár oibre bliantúil a ullmhú agus a ghlacadh, a bhí leagtha síos roimhe seo i seanairteagal 5. Beartaítear peirspictíocht réime ceithre bliana seachas an pheirspictíocht trí bliana atá ann faoi láthair.

Airteagal 13 (Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí)

Is airteagal nua é seo a chuireann i láthair i slí mhionsonraithe an nós imeachta maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a ullmhú agus a ghlacadh; bhí an nós imeachta seo cuimsithe go páirteach roimhe seo ag mír 9 de sheanairteagal 5.

Airteagal 14 (Naisc le gníomhaíochtaí eile Comhphobail)

Folaíonn an t-airteagal seo tuairisc níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe ar sheanairteagal 8 maidir le gníomhaíochtaí sonracha.

Airteagail 15 (Buiséad), 16 (Nós imeachta buiséid) agus 17 (Cur chun feidhme agus rialú an bhuiséid)

Fanann na hairteagail seo gan athrú, den chuid is mó, cé is moite de mhionshimpliú a dhéanamh orthu. Cuirtear mír 11 nua le hAirteagal 17, chun a áirithiú go ndéanfaidh an Stiúrthóir gach dícheall chun go ndéanfar na barúlacha atá i gceangal leis na cinntí urscaoilte a chur i gcrích.

Airteagal 18 (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle)

Foráiltear leis an airteagal seo, i gcomhréir le moltaí an dréacht-Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, go mbeidh deis ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle iarratas a dhéanamh ar éisteacht le Stiúrthóir an Fhorais maidir le haon ábhar a bhaineann le gníomhaíochtaí an Stiúrthóra.

Airteagal 19 (Rialacha airgeadais)

Cuireadh isteach míreanna 2, 3 agus 4 chun a áirthiú go gcloífidh an Foras le rialacha fónta cuntasaíochta agus le gníomhaíochtaí chun calaois a chomhrac.

Airteagail 20 (Pribhléidí agus díolúintí), 21 (Rialacha foirne), 22 (Dliteanas) agus 23 (Rannpháirtíocht tríú tíortha)

Fanann na hairteagail seo gan athrú den chuid is mó. Cuirtear abairt isteach in Airteagal 21 (Rialacha foirne) chun go n-áireofar, i gcomhréir le moltaí an dréacht-Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, tagairt do shocruithe Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 127 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, mar aon le tagairt do shaineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Fhoras. I gcéad mhír Airteagal 23 cuirtear an méid seo a leanas "...do na tíortha comhpháirtíochta ... i réimse na forbartha acmhainní daonna" in ionad na habairte "...do na tíortha cáilithe ... i réimse na hoiliúna", chun an téarmaíocht a chur i gcomhréir le hAirteagal 1, agus cuirtear abairt isteach ag deireadh na míre céanna chun soiléiriú a thabhairt ar choinníollacha rannpháirtíochta tríú tíortha.

Airteagal 24 (Meastóireacht)

Forlíontar an t-airteagal seo i gcomhréir le moltaí an dréacht-Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh agus foráiltear leis go síneofar an tréimhse mheastóireachta go ceithre bliana, chun an pheirspictíocht réime ceithre bliana a chur san áireamh.

Airteagal 25 (Athbhreithniú)

Cruthaíonn an t-airteagal seo nasc idir athbhreithnithe todhchaí ar an Rialachán bunaitheach agus meastóireacht todhchaí, agus foráiltear leis go mbeidh deis ann chun an Rialachán bunaitheach a aisghairm i gcás nach bhfuil call a thuilleadh leis an bhForas maidir leis na cuspóirí a shanntar dó.

Airteagal 26 (Aisghairm)

Aisghairtear leis an airteagal seo na Rialacháin a tháinig roimh an Rialachán athmhúnlaithe agus foráiltear leis go nglacfar le tagairtí do na hionstraimí sin mar thagairtí don Rialachán athmhúnlaithe agus go léifear iad de réir an tábla comhghaolmhaireachta a ghabhann leis mar iarscríbhinn, mar a cheanglaíonn Airteagal 7(b) den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha a bhaint as an teicníocht athmhúnlaithe le haghaidh ionstraimí dlíthiúla.

Airteagal 27: Teacht i bhfeidhm

## 7. Coimhdeacht agus Comhréireacht

Is iad cúraimí an Fhorais, mar a athcheaptar iad sa togra seo, "*rannchuidiú, i gcomhthéacs bheartais an AE um chaidreamh eachtrach, le forbairt acmhainní daonna a fheabhsú, go háirithe maidir le hoideachas agus le hoiliúint ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama, agus saincheisteanna gaolmhara a bhaineann leis an margadh saothair*" i dtíortha comhpháirtíochta sonracha. Áirítear sa togra seo liosta de na feidhmeanna beachta a bheidh le comhlíonadh ag an bhForas "*faoi theorainn na gcumhachtaí a thugtar don Bhord Rialaithe agus de réir na dtreoirlínte ginearálta arna mbunú ar leibhéal an Chomhphobail*". Ar an gcuma sin, tá an Foras i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

## 8. Impleachtaí buiséadacha

Ní thugtar isteach aon ghníomhaíochtaí nua don Fhoras leis an togra seo. Is éard is cuspóir leis an togra sainmhíniú atá suas chun dáta agus níos soiléire a thabhairt ar fheidhmeanna an Fhorais faoi láthair, faoi shainchúram téamach níos leithne (forbairt acmhainní daonna) agus le raon feidhme geografach nua. Meastar, áfach, gur chóir don raon feidhme téamach níos leithne agus an díriú ar chúraimí faisnéise agus anailíse beartas (in éineacht le laghdú comhuaineach ar bhainistíocht tionscadal ó 2008) léiriú a thabhairt ar obair atá níos déine ar shaothar agus go mbeadh gá is dócha le hinfheistíocht shuntasach thar ceann an Fhorais maidir le hoiliúint agus le cáiliú foirne. Dá bhrí sin, tá ráiteas airgeadais reachtach ina mínítear riachtanais bhuiséadacha an Fhorais sna blianta atá le teacht i gceangal leis an togra seo.

⇩nua

Togra le haghaidh

🡻 1360/90
⇨nua

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Foras Eorpach Oiliúna**

**⇨ (athmhúnlú) ⇦**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

🡻1360/90 (oiriúnaithe)
⇨nua

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal ~~235~~ ⇨ 150 ⇦ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[8],

~~Having regard to the opinion of the European Parliament,~~

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ⇨ na hEorpa ⇦[9],

⇩nua

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh[11],

De bharr an méid seo a leanas:

⇩nua

(1) Rinneadh leasuithe substainteacha arís agus arís eile ar Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1990 lena mbunaítear Foras Eorpach Oiliúna[12].

8 IO C […], […], lch. […].
9 IO C [...], [...], lch. [...].
10 IO C […], […], lch. […].
11 IO C […], […], lch. […].

Ós rud é go bhfuil leasuithe breise le déanamh, ba chóir é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

---

🡻1360/90
⇨nua

(2) D'iarr an cruinniú den Chomhairle Eorpach i Strasbourg an 8 agus 9 Nollaig 1989, ag gníomhú ar thogra ón gCoimisiún, ar an gComhairle na cinntí is gá a ghlacadh, ag tús na bliana 1990, maidir le Foras Eorpach Oiliúna a bhunú le haghaidh Lár agus Oirthear na hEorpa. ⇨ Chun na críche sin ghlac an Chomhairle, an 7 Bealtaine 1990, Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 lena mbunaítear an Foras sin. ⇦

---

⇩nua

(3) De bhun cinnidh arna ghlacadh de thoil a chéile ag cruinniú ionadaithe Rialtais na mBallstát ag leibhéal na gCeannairí Stát agus Rialtas sa Bhruiséil an 29 Deireadh Fómhair 1993[13], tá suíomh an Fhorais suite i Torino (An Iodáil).

---

🡻1360/90

(4) Ghlac an Chomhairle, an 18 Nollaig 1989, Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89[14] maidir le cabhair eacnamaíoch do Phoblacht na hUngáire agus do Dhaonphoblacht na Polainne lena soláthraítear cabhair i réimsí lena n-áirítear an oiliúint chun tacaíocht a thabhairt don phróiseas athchóirithe eacnamaíoch agus shóisialta san Ungáir agus sa Pholainn.

(5) Rinne an Chomhairle cabhair den sórt sin a chur chun sochair iardain do thíortha eile i Lár agus in Oirthear na hEorpa faoi ionstraimí dlíthiúla ábhartha.

(6) ~~Whereas the process of economic and social reform will contribute to the development of mutually beneficial economic and commercial relationships between the countries of Central and Eastern Europe and the Community; whereas these intensified relationships will also contribute to a harmonious development of economic activities within the Community;~~

---

⇩nua

(7) An 27 Iúil 1994 ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2063/94[15] lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 d'fhonn na Stáit a fhaigheann cúnamh faoi Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2053/93 (Clár TACIS) a áireamh i ngníomhaíochtaí an Fhorais Eorpaigh Oiliúna.

---

[12] IO L 131, 23.5.1990, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1648/2003 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 22).

[13] IO C 323, 30.11.1993, lch. 1.

[14] IO L 375, 23. 12. 1989, lch. 11.

[15] IO L 216, 20.8.1994, lch. 9.

(8) An 17 Iúil 1998 ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1572/98[16] lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 d'fhonn na tíortha agus na críocha Meánmhara nach Ballstáit iad ach atá ina dtairbhithe ar na bearta airgeadais agus teicniúla a bheidh ag gabháil leis an athchóiriú ar a gcuid geilleagar agus struchtúr sóisialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1488/96 a áireamh i ngníomhaíochtaí an Fhorais Eorpaigh Oiliúna.

(9) An 5 Nollaig 2000 ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2666/2000[17] maidir le cúnamh don Albáin, do Bhoisnia agus Heirseagaivéin, don Chróit, do Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive agus d'Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 d'fhonn na Stáit Bhalcánacha Thiar a chuimsiú i ngníomhaíochtaí an Fhorais Eorpaigh Oiliúna.

(10) Cuirfear ionstraimí nua maidir le beartas caidrimh eachtraigh in ionad na gclár cúnaimh eachtraigh a bhaineann le tíortha atá folaithe ag gníomhaíochtaí an Fhorais Eorpaigh Oiliúna; is iad sin, go háirithe, an ionstraim a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais[18] agus an ionstraim a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha ginearálta ag bunú Ionstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (EPNI)[19].-{}-

(11) Trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainní daonna i gcomhthéacs a bheartais chaidrimh eachtraigh, rannchuidíonn an tAE le forbairt eacnamaíoch sna Stáit sin trí na scileanna is gá a sholáthar chun táirgiúlacht agus fostaíocht a chothú agus tacaíonn sé le comhtháthú sóisialta trí rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn.

(12) I gcomhthéacs iarrachtaí na Stát sin a struchtúir eacnamaíocha agus shóisialta a athchóiriú beidh ríthabhacht le forbairt acmhainní daonna chun cobhsaíocht agus saibhreas fadthéarmach a bhaint amach agus go háirithe chun cothromas socheacnamaíoch a chinntiú.

---

| |
|---|
| 🡻1360/90<br>⇨nua |

(13) D'fhéadfadh an Foras Eorpach Oiliúna rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh, i gcomhthéacs bheartais an AE um chaidreamh eachtrach, le forbairt acmhainní daonna a fheabhsú, go háirithe maidir le hoideachas agus le hoiliúint ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama.

(14) Chun rannchuidiú a dhéanamh beidh ar an bhForas Eorpach Oiliúna leas a bhaint as an taithí a fuair sé laistigh den Aontas Eorpach maidir le hoideachas agus le hoiliúint ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama agus as a chuid institiúidí a bhfuil baint acu leis an ngíomhaíocht seo.

---

16 IO L 206, 23.7.1998, lch. 1.
17 IO L 306, 7.12.2000, lch. 1.
18 IO L 210, 31.7.2006, lch. 82.
19 IO L 310, 9.11.2006, lch. 1.

(15) Tá saoráidí réigiúnacha agus/nó náisiúnta, poiblí agus/nó príobháideacha ann sa Chomhphobal agus i dtríú tíortha, lena n-áirítear na tíortha atá folaithe ag gníomhaíochtaí an Fhorais Eorpaigh Oiliúna, ar féidir iarraidh orthu comhoibriú maidir le soláthar éifeachtach cabhrach i réimse na forbartha acmhainní daonna, go háirithe maidir le hoideachas agus le hoiliúint ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama.

(16) Ba chóir do stádas agus struchtúr an Fhorais Eorpaigh Oiliúna cuidiú le freagairt sholúbtha a thabhairt ar na riachtanais shonracha agus éagsúla atá ag na tíortha aonair a gheobhaidh cúnamh, agus cinnteoidh siad go gcomhlíonfaidh an Foras a fheidhmeanna i ndlúthchomhar leis na comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann faoi láthair.

(17) Ba chóir go mbeadh pearsantacht dhlítheanach ag an bhForas Eorpach Oiliúna, ach dlúthchaidreamh corparáideach a chothabháil leis an gCoimisiún agus cloí le freagrachtaí foriomlána polaitiúla agus oibríochtúla an Chomhphobail agus a insititiúidí.

(18) Ba chóir go mbeadh dlúthnaisc ag an bhForas Eorpach Oiliúna leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, leis an Scéim Thraseorpach um Shoghluaisteacht i Staidéar Ollscoile (Tempus) agus le scéimeanna eile arna dtionscnamh ag an gComhairle chun cabhair a sholáthar i réimse na hoiliúna do na tíortha sin atá folaithe ag a chuid gníomhaíochtaí.

(19) Ba chóir go gceadódh an Foras Eorpach Oiliúna do thíortha nach bhfuil ina mBallstáit den Chomhphobal ach atá tiomanta mar atá an Comhphobal agus na Ballstáit cabhair a sholáthar do thíortha atá folaithe ag gníomhaíochtaí an Fhorais Eorpaigh Oiliúna i réimse na forbartha acmhainní daonna, go háirithe maidir le hoideachas agus le hoiliúint ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama, páirt a ghlacadh de réir socruithe a leagfar síos i gcomhaontuithe idir an Comhphobal agus na tíortha sin.

---

⇩nua

(20) Ba chóir go mbeadh ionadaithe ón gComhphobal agus ó na Ballstáit ar Bhord Rialaithe chun rialú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmeanna an Fhorais. Ba chóir na cumhachtaí is gá a thabhairt don Bhord seo chun an buiséad a bhunú, cur chun feidhme an bhuiséid a fhíorú, na rialacha airgeadais cuí a ghlacadh, nósanna imeachta trédhearcacha oibre a bhunú ar mhaithe le cinnteoireacht san Fhoras agus an Stiúrthóir a cheapadh.

(21) Chun uathriail agus neamhspleáchas iomlán an Fhorais a áirthiú, ba chóir buiséad uathrialach a thabhairt dó ar as ranníocaíocht an Chomhphobail go bunúsach a thiocfaidh a ioncam. Ba chóir feidhm a bheith ag nós imeachta buiséid an Chomhphobail a mhéad a bhaineann sé le ranníocaíocht an Chomhphobail agus le haon fhóirdheontas eile is inmhuirir ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Is í an Chúirt Iniúchóirí ar cheart di bheith freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais.

(22) Is comhlacht é an Foras a bhunaigh na Comhphobail de réir bhrí Airteagal 185(1) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na

gComhphobal Eorpach[20] ("an Rialachán Airgeadais" anseo feasta) agus ba chóir dó rialacha airgeadais an Rialacháin sin a ghlacadh dá réir.

(23) Ba chóir go mbeadh feidhm maidir leis an bhForas ag Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2002 maidir leis an gcreat-Rialachán Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 185 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[21].

(24) D'fhonn calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac ba chóir go mbeadh feidhm gan srian maidir leis an bhForas ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[22].

(25) Ba chóir go mbeadh feidhm maidir leis an bhForas ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[23].

(26) Ba chóir go mbeadh feidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an bhForas ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[24].

(27) Ós rud é nach féidir cuspóirí an ghnímh atá le glacadh, eadhon an gá le forbairt acmhainní daonna, go háirithe i gcás an oideachais agus na hoiliúna ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama, agus saincheisteanna gaolmhara a bhaineann leis an margadh saothair a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur féidir, dá bhrí sin, iad a bhaint amach níos fearr ag leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar mar is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(28) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha a léirítear i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail a léirítear ann. Go háirithe, féachann an Rialachán seo le cur chun feidhme Airteagal 43 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a chur chun cinn,

---

🡻 1360/90

(29) ~~Whereas the Treaty does not provide, for the action concerned, powers other than those of Article 235,~~

---

[20] IO L 248, 16.9.2002, lch.1.
[21] IO L 357, 31.12.2002, lch. 72.
[22] IO L 136, 31.5.1999, lch.1.
[23] IO L 145, 31.5.2001, lch.43.
[24] IO L 8, 12.1.2001, lch.1.

↓1360/90

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ábhar agus raon feidhme

↓2666/2000 Airt. 16
⇨nua

Bunaítear leis an Rialachán seo an Foras Eorpach Oiliúna (dá ngairtear "an Foras" anseo feasta) arb é is aidhm dó rannchuidiú,⇨ i gcomhthéacs bheartais AE um chaidreamh eachtrach, le forbairt acmhainní daonna a fheabhsú, go háirithe maidir le hoideachas agus le hoiliúint ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama, agus i gcás saincheisteanna gaolmhara a bhaineann leis an margadh saothair sna tíortha seo a leanas: ⇦

– ~~the countries of Central and Eastern Europe designated as eligible for economic aid by the Council in Regulation (EEC) No 3906/89 or in any subsequent relevant legal act,~~

– ~~the new independent States of the former Soviet Union and Mongolia which are the beneficiaries of the programme to assist economic reform and recovery pursuant to Regulation (Euratom, EC) No 1279/96 or any subsequent relevant legal act,~~

– ~~the Mediterranean non-member countries and territories which are the beneficiaries of the financial and technical measures to accompany the reform of their economic and social structures pursuant to Regulation (EC) No 1488/96 or any subsequent relevant legal act, and~~

– ~~the countries which are beneficiaries under Regulation (EC) No 2666/2000[25] or any subsequent relevant legal act.~~

~~Those countries shall be hereinafter referred to as the «eligible countries».~~

⇩nua

(a) na tíortha atá cáilithe chun tacaíocht a fháil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle agus faoi ionstraimí dlíthiúla gaolmhara iardain;

(b) na tíortha atá cáilithe chun tacaíocht a fháil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 ón gComhairle agus faoi ionstraimí dlíthiúla gaolmhara iardain;

(c) tíortha eile ainmnithe ag cinneadh de chuid an Bhoird Rialaithe ar thogra ón gCoimisiún, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i leith caidrimh eachtraigh agus a mhéad is féidir ag úsáid na n-acmhainní atá ar fáil.

[25] ~~IO L 306, 07.12.2000, lch. 1.~~

Is é a ghairtear anseo feasta ar na tíortha atá folaithe faoi (a), (b) agus (c) "tíortha comhpháirtíochta".

---

↓ 1360/90

~~The Foundation shall in particular:~~

– ~~seek to promote effective cooperation between the Community and the eligible countries in the field of vocational training,~~

– ~~contribute to the coordination of assistance provided by the Community, its Member States and the third countries referred to in Article 16.~~

---

↓1572/98 Airt. 1.2

~~*Airteagal 2*~~

~~**Réim feidhme**~~

~~Following the general guidelines established at Community level, the Foundation shall work in the training field, covering initial and continuing vocational training as well as retraining for young people and adults, including in particular management training.~~

---

↓1360/90

*Airteagal ~~3~~2*

**Feidhmeanna**

---

↓1572/98 Airt. 1.3

Ar mhaithe leis na cuspóirí atá sonraithe in Airteagal 1 a bhaint amach, beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhForas, faoi theorainn na gcumhachtaí a thugtar don Bhord Rialaithe agus de réir na dtreoirlínte ginearálta arna mbunú ar leibhéal an Chomhphobail:

---

↓ 1360/90

~~(a) provide assistance in the definition of training needs and priorities through the implementation of measures of technical assistance in the training field, and through cooperation with the appropriate designated bodies in the eligible countries;~~

~~(b) act as a clearing house to provide the Community, its Member States and the third countries referred to in Article 16, together with the eligible countries and all other interested parties, with information on current initiatives and future needs in the training field, and provide a framework through which offers of assistance can be channelled;~~

↓2063/94 Airt. 1.2

(c) on the basis of (a) and (b);

– examine the scope for joint ventures of training assistance including pilot projects, for the setting up of specialized multinational teams for specific projects and for identifying operations which could be cofinanced,

– fund the design and the preparation of such projects, the implementation of which may be financed by contributions from one or several countries, together with the Foundation, or, in exceptional cases, from the Foundation on its own;

↓1572/98 Airt. 1.4

– implement, at the request of the Commission or of the eligible countries in cooperation with the governing board, vocational training programmes agreed on by the Commission and one or more of the eligible countries as part of the Community policy of assistance to these countries, using multidisciplinary teams of specialists in close collaboration with the competent authorities in the countries involved and drawing actively on the experience of Community vocational training programmes; in the selection of projects to be managed by the Foundation, priority will be given to projects of an innovative value and - for the candidate countries for accession - to projects which relate directly to the Community's programmes in the field of vocational training;

↓ 1360/90

(d) for activities and projects which are funded by the Foundation: arrange for the appropriate public and/or private bodies with a proven training record and the necessary expertise to design, prepare, implement and/or manage projects on a flexible, decentralized basis;

↓1572/98 Airt. 1.5

(e) confer on the governing board the power to lay down tendering procedures for projects funded or co-financed by the Foundation, taking due account of the procedures established pursuant to Regulation (EEC) No 3906/89, in particular Article 7 thereof, pursuant to Regulation (Euratom, EC) No 1279/96, in particular Articles 6 and 7 thereof, Regulation (EC) No 1488/96, in particular Article 8 thereof, or in any subsequent relevant legal act;

↓ 1360/90

(f) in collaboration with the Commission, assist in the monitoring and evaluation of the overall effectiveness of training assistance to the eligible countries;

(g) disseminate information and encourage exchanges of experience, through publications, meetings, and other appropriate means;

⇩nua

(a) faisnéis, anailís bheartais agus comhairle a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le forbairt acmhainní daonna agus leis an gceangal atá acu le cuspóirí beartas earnálacha sna tíortha comhpháirtíochta;

(b) tacaíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara cuí sna tíortha comhpháirtíochta chun cur lena gcumas i bhforbairt acmhainní daonna;

(c) malartú faisnéise agus taithí a éascú idir bronntóirí a bhfuil baint acu le hathchóiriú na forbartha acmhainní daonna sna tíortha comhpháirtíochta;

(d) tacaíocht a thabhairt chun cúnamh Comhphobail a sholáthar do thíortha comhpháirtíochta i réimse na forbartha acmhainní daonna;

(e) faisnéis a scaipeadh agus líonrú agus malartú taithí agus dea-chleachtais maidir le saincheisteanna i bhforbairt acmhainní daonna a chur chun cinn idir an tAontas Eorpach agus na tíortha comhpháirtíochta agus i measc na dtíortha comhpháirtíochta féin;

(f) ar iarraidh ón gCoimisiún, rannchuidiú leis an anailís a dhéantar ar éifeachtúlacht fhoriomlán an chúnaimh oiliúna a thugtar do na tíortha comhpháirtíochta;

---

🡻1360/90 (oiriúnaithe)

~~(h)~~ ⌦ (g) ⌫ cibé cúraimí eile a ghlacadh ar a gcomhaontóidh an Bord Rialaithe agus an Coimisiún, faoi chreat ginearálta an Rialacháin seo.

*Airteagal ~~4~~3*

**Forálacha ginearálta**

1. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an bhForas. Beidh ag an bhForas i ngach ceann de na Ballstáit an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe; féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla. Beidh an Foras neamhbhrabúsach.

---

⇩nua

2. Beidh suíomh an Fhorais suite i Torino (An Iodáil).

---

🡻1572/98 Airt. 1.6
⇨nua

3. Oibreoidh an Foras i gcomhar leis na comhlachtaí cuí eile de chuid an Chomhphobail agus le tacaíocht ón gCoimisiún. ⇨ Oibreoidh an Foras, go háirithe, i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) faoi chuimsiú cláir oibre chomhpháirtigh

bhliantúil a chuirfear i gceangal le clár oibre bliantúil gach gníomhaireachta d'fhonn sineirgíocht a chur chun cinn idir gníomhaíochtaí an dá ghníomhaireacht. ⇦

---

🡻 1360/90

~~2. Representatives of the social partners at European level which are already active in the work of the Community institutions, and international organizations active in the training field, may be associated with the work of the Foundation, notably as provided for in Articles 5 (8) and 6 (1) and (2).~~

---

⇩nua

4. I gcomhréir le hAirteagal 43 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha beidh an Foras faoi réir ag rialú riaracháin arna dhéanamh ag an Ombudsman Eorpach, de bhun na gcoinníollacha atá arna leagan síos in Airteagal 195 de Chonradh CE.

5. Féadfaidh an Foras comhaontuithe comhair a bhunú le comhlachtaí cuí eile atá gníomhach i réimse na forbartha acmhainní daonna san AE agus go hidirnáisiúnta. Glacfaidh an Bord Rialaithe comhaontuithe den sórt sin bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrthóir tar éis don Choimisiún a thuairim a thabhairt uaidh. Ní foláir do na socruithe oibre a gcuimseofar ann dlí an Chomhphobail a chomhlíonadh.

---

🡻1648/2003 Airt. 1.1

*Airteagal 4*

Trédhearcacht

---

⇩nua

1. Gníomhóidh an Foras le hardleibhéal trédhearcachta agus déanfaidh sé de réir na bhforálacha faoi mhíreanna 2, 3 agus 4.

2. Foilseoidh an Foras gan mhoill:

(a) Rialacha nós imeachta an Fhorais féin agus an Bhoird Rialaithe;

(b) a thuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí.

3. Féadfaidh an Bord Rialaithe, ar thogra ón Stiúrthóir, údarás a thabhairt d'ionadaithe na bpáirtithe leasmhara, i gcásanna iomchuí, freastal ar chruinnithe chomhlachtaí an Fhorais ag gníomhú dóibh mar bhreathnóirí.

4. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá ina sheilbh ag an bhForas.

Glacfaidh an Bord Rialaithe na socruithe praiticiúla chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

⇩nua

*Airteagal 5*

**Rúndacht**

1. Gan dochar d'Airteagal 4(4), ní nochtfaidh an Foras do thríú páirtithe faisnéis rúnda a fuarthas agus ar iarradh go ndéileálfaí léi go rúnda agus cúis mhaith leis sin.

2. Beidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe agus an Stiúrthóir faoi réir ag an gceanglas rúndachta dá dtagraítear in Airteagal 287 de Chonradh CE.

3. Beidh an fhaisnéis a bhaileoidh an Foras de réir a ionstraime bunaidh faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

---

🡻1648/2003 Airt. 1.1 (oiriúnaithe)
⇨nua

~~1. Ba chóir go mbeadh feidhm ar an bhForas ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[26].~~

~~2. The Governing Board shall adopt practical arrangements for implementing Regulation (EC) No 1049/2001 within six months of entry into force of Council Regulation (EC) No 1648/2003 amending Regulation (EEC) 1360/90 of 18 June 2003 establishing a European Training Foundation27.~~

*Airteagal 6*

**Leigheasanna**

~~3.~~ D'fhéadfadh go mbeadh cinntí a ghlacann an Foras de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman nó ina n-ábhar caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 195 agus in Airteagal 230 den Chonradh faoi seach.

---

🡻1360/90

*Airteagal ~~5~~7*

**An Bord Rialaithe**

~~1. The Foundation shall have a governing board consisting of one representative of each Member State and three representatives of the Commission.~~

[26] ~~IOL 145, 31.5.2001, lch. 43~~
[27] ~~IO L 245, 29.09.2003, lch. 22.~~

~~An alternate member may represent or accompany each member of the governing board; when accompanying a member, the alternate member shall attend without having the right to vote.~~

~~2. The representatives of the Member States shall be appointed by the Member States concerned.~~

~~The Commission shall appoint the members who are to represent it.~~

---

⇩nua

1. Beidh ag an bhForas Bord Rialaithe ar a mbeidh seisear ionadaithe ó na Ballstáit agus seisear ionadaithe ón gCoimisiún, mar aon le triúr ionadaithe ó na tíortha comhpháirtíochta.

Féadfar malartaigh, a cheapfar go comhuaineach, a chur in ionad na n-ionadaithe.

2. Is í an Chomhairle a cheapfaidh ionadaithe na mBallstát bunaithe ar an taithí agus ar an saineolas atá acu i réimsí oibre an Fhorais.

Ceapfaidh an Coimisiún a ionadaithe féin.

Is é an Coimisiún a cheapfaidh na hionadaithe ó na tíortha comhpháirtíochta.

Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle gach iarracht chun ionadaíocht chothrom idir fhir agus mhná a áirthiú ar an mBord Rialaithe.

---

🡻1360/90

3. Is cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige na n-ionadaithe. Féadfar an téarma oifige a athnuachan uair amháin.

4. Gníomhóidh duine d'ionadaithe an Choimisiúin mar chathaoirleach ar an mBord Rialaithe. Rachaidh téarma oifige an Chathaoirligh in éag nuair a bheidh deireadh lena gcomhaltas den Bhord Rialaithe faoi seach.

5. Glacfaidh an Bord Rialaithe a Rialacha Nós Imeachta.

---

🡻1572/98 Airt. 1.8
⇨nua

*Airteagal 8*

**Rialacha vótála agus cúraimí an Chathaoirligh**

1. Beidh aon vóta amháin ag gach ionadaí atá ar an mBord Rialaithe thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin. ~~The representatives of the Commission shall have one vote between them.~~

⇨ Ní bheidh aon vóta ag ionadaithe na dtíortha comhpháirtíochta. ⇦

↓1360/90

Beidh gá le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an bhoird i gcás cinntí an Bhoird Rialaithe, seachas sa chás dá dtagraítear i mír 2.

~~5.~~2. Cinnteoidh an Bord Rialaithe, trí chinneadh d'aon toil i measc a chomhaltaí, na rialacha a rialaíonn teangacha an Fhorais, agus cuirfear san áireamh an gá le go mbeadh rochtain ag páirtithe leasmhara ar obair an Fhorais agus go mbeadh siad rannpháirteach san obair sin.

~~6.~~3. Gairfidh an Cathaoirleach an Bord Rialaithe dhá uair sa bhliain ar a laghad agus ar iarratas ó thromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird ar a laghad.

Beidh an Cathaoirleach freagrach as an mbord a chur ar an eolas faoi gníomhaíochtaí eile Comhphobail a bhfuil baint acu lena gcuid oibre agus faoi ionchais an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí an Fhorais sa bhliain atá le teacht.

---

↓1572/98 Airt. 1.9

~~7. On the basis of a draft submitted by the director of the Foundation, the governing board, in consultation with the Commission, shall examine the preliminary draft annual work programme for the following year by 30 November at the latest. The final adoption of the work programme shall take place at the beginning of each year, within the framework of a three-year on-going perspective. Where necessary, the programme may be adapted during the year using the same procedure in order to ensure greater effectiveness of Community policies.~~

~~The projects and activities in the annual work programme shall be accompanied by an estimate of the necessary expenditure and by allocations of staff and budgetary resources.~~

---

↓ 1360/90

~~8. The governing board shall approve, as necessary and on a case-by-case basis, the setting up of *ad hoc* sectoral working parties involving all the countries or organizations contributing to the finance of the different projects concerned as well as other interested parties, including where appropriate representatives of social partners.~~

---

↓ 1648/2003 Airt. 1.2

~~9. The Governing Board shall adopt the Foundation's annual report and forward it by 15 June at the latest to the European Parliament, the Council, the Commission, the European Economic and Social Committee and the Court of Auditors. The report shall also be forwarded to the Member States and, for information, to the eligible countries.~~

~~10. The Foundation shall forward annually to the budgetary authority any information relevant to the outcome of the evaluation procedures.~~

⇩nua

*Airteagal 9*

**Cumhachtaí an Bhoird Rialaithe**

Beidh na feidhmeanna agus na cumhachtaí seo a leanas ag an mBord Rialaithe:

(a) Stiúrthóir an Fhorais a cheapadh agus, más iomchuí, a bhriseadh as oifig i gcomhréir le forálacha Airteagal 10.5;

(b) feidhmeoidh sé mar údarás araíonachta ar an Stiúrthóir;

(c) glacfaidh sé clár oibre bliantúil an Fhorais bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag Stiúrthóir an Fhorais tar éis don Choimisiún a thuairim a thabhairt uaidh, i gcomhréir le forálacha Airteagal 12;

(d) tarraingeoidh sé suas meastachán bliantúil ar ioncam agus ar chaiteachas don Fhoras agus cuirfidh sé an meastachán sin faoi bhráid an Choimisiúin;

(e) glacfaidh sé buiséad críochnaitheach agus plean bunaíochta an Fhorais nuair a bheidh an nós imeachta buiséid bhliantúil críochnaithe, i gcomhréir le forálacha Airteagal 16;

(f) glacfaidh sé tuarascáil bhliantúil an Fhorais ar a ghníomhaíochtaí, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 13 agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid na n-institiúidí agus na mBallstát;

(g) glacfaidh sé Rialacha Nós Imeachta an Fhorais bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrthóir tar éis don Choimisiún a thuairim a thabhairt uaidh;

(h) glacfaidh sé na rialacha airgeadais atá infheidhme ar an bhForas bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrthóir tar éis don Choimisiún a thuairim a thabhairt uaidh, i gcomhréir le forálacha Airteagal 19;

(i) glacfaidh sé na nósanna imeachta maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur chun feidhme, i gcomhréir le forálacha Airteagal 4 den Rialachán seo.

---

🡻 1360/90

~~*Airteagal6*~~

~~**Advisory forum**~~

~~1. The Foundation shall have an advisory forum appointed by the governing board.~~

↓ 1572/98 Airt. 1.10

~~The members of the forum shall be selected from experts among training and other circles concerned in the work of the Foundation, taking into account the need to ensure the presence of representatives of the social partners, of the Commission, of those international organisations active in the provision of training assistance, and of the eligible countries and territories.~~

↓ 1360/90

~~There shall be appointed two experts from each of the Member States, from each of the eligible countries and from the social partners at European level.~~

↓ 1572/98 Airt. 1.11

~~2. The governing board shall seek nominations for appointment from:~~

~~– each of the Member States,~~

~~– each of the eligible countries,~~

~~– the Commission,~~

– ~~the social partners at European level which are already active in the work of the Community institutions, and~~

– ~~relevant international organisations.~~

↓1360/90

~~3. The term of office of the members of the advisory forum shall normally be for three years, subject to regular review by the governing board.~~

~~4. The task of the advisory forum shall be to deliver opinions to the governing board either at the request of the board or on its own initiative concerning the annual work programme of the Foundation referred to in Article 5 (7).~~

~~All opinions shall be communicated to the governing board.~~

~~5. The director of the Foundation shall be the chairman of the advisory forum.~~

~~The advisory forum shall draw up its rules of procedure, subject to the approval of the governing board.~~

~~6. The advisory forum shall be convened by its chairman once a year.~~

*Airteagal 10*

**An Stiúrthóir**

⬇ 1572/98 Airt. 1.12
⇨nua

1. Is é an Bord Rialaithe a cheapfaidh Stiúrthóir an Fhorais ~~This term of office may be extended once for a period which may not exceed five years.~~ ⇨ bunaithe ar liosta iarrthóirí a bheidh beartaithe ag an gCoimisiún, do thréimhse cúig bliana. Sula ndéanfar an ceapachán, féadfar cuireadh a thabhairt don iarrthóir arna roghnú ag an mBord Rialaithe ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil/choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna arna gcur ag a chomhaltaí/a gcomhaltaí a fhreagairt. ⇦

---

⇩nua

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, i gcaitheamh na naoi mí a thagann roimh dheireadh na tréimshe seo. Le linn na meastóireachta, déanfaidh an Coimisiún iniúchadh go háirithe:

- ar fheidhmíocht an Stiúrthóra;

- ar dhualgais agus ar cheanglais an Fhorais sna blianta atá le teacht.

Féadfaidh an Bord Rialaithe, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, ag cur an tuarascáil ar an meastóireacht san áireamh agus sna cásanna sin amháin a bhfuil cúis mhaith leis de réir dhualgais agus cheanglais an Fhorais, téarma oifige an Stiúrthóra a fhadú uair amháin ar feadh trí bliana ar a mhéad.

Cuirfidh an Bord Rialaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa go bhfuil sé ar intinn aige téarma oifige an Stiúrthóra a fhadú. Laistigh de mhí roimh fhadú a théarma oifige, féadfar cuireadh a thabhairt don Stiúrthóir ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil/choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna arna gcur ag a chomhaltaí/a gcomhaltaí a fhreagairt.

I gcás nach bhfadófar an téarma oifige, fanfaidh an Stiúrthóir in oifig go dtí go gceapfar a chomharba.

2. Ceapfar an Stiúrthóir bunaithe ar fhiúntas, ar scileanna riaracháin agus bainistíochta agus ar shaineolas agus ar thaithí atá aige i réimse oibre an Fhorais.

3. Is é an Stiúrthóir ionadaí dlíthiúil an Fhorais.

---

⬇1572/98 Airt. 1.12

<u>4.</u> Beidh na feidhmeanna agus na cumhachtaí seo a leanas ag an Stiúrthóir:

~~– the preparation and organisation of the work of the governing board, of any *ad hoc* working parties convened by the governing board and, in particular, for the preparation of the draft annual work programme of the Foundation, taking into account the general guidelines established at Community level,~~

~~– the day to day administration of the Foundation,~~

↓ 1648/2003 Airt. 1.3

– ~~the preparation of the draft estimate of the Foundation's revenue and expenditure and the execution of its budget,~~

↓ 1572/98 Airt. 1.12

– ~~the preparation and publication of reports specified under this Regulation,~~

– ~~all staff matters,~~

– ~~undertaking the tasks with which he is charged pursuant to Article 3 and those set out in the annual work programme referred to in Article 5(7),~~

– ~~implementing the governing board's decisions and the guidelines set down for the Foundation's activities.~~

⇩nua

(a) an clár oibre bliantúil, dréachtmheastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an Fhorais, a Rialacha Nós Imeachta agus Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Rialaithe, rialacha aigeadais an Fhorais agus obair an Bhoird Rialaithe, mar aon le haon ghrupaí oibre *ad hoc* arna dtoghairm ag an mBord Rialaithe, a ullmhú de réir na dtreoirlínte ginearálta atá arna mbunú ag an gCoimisiún;

(b) páirt a ghlacadh, gan cead vótála, i gcruinnithe an Bhoird Rialaithe;

(c) cinntí an Bhoird Rialaithe a chur chun feidhme;

(d) clár oibre bliantúil an Fhorais a chur chun feidhme agus freagairt a thabhairt ar iarrataí ar chúnamh ón gCoimisiún;

(e) dualgais an oifigigh údaráis a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagail 33 go 42 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún;

(f) buiséad an Fhorais a chur chun feidhme;

(g) córas éifeachtach faireacháin a chur ar bun chun go bhféadfar na measúnuithe rialta dá dtagraítear in Airteagal 24 a dhéanamh agus, ar an mbonn sin, dréacht-thuarascáil bhliantúil a ullmhú ar ghníomhaíochtaí an Fhorais;

(h) an tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa;

(i) gach ábhar a bhaineann le cúrsaí foirne a bhainistiú, agus go háirithe na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 21 a chomhlíonadh;

(j) struchtúr eagrúcháin an Fhorais a shainmhíniú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe chun é a fhormheas;

(k) ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Fhorais os comhair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir le forálacha Airteagal 18.

| |
|---|
| ➔ 1360/90<br>⇨nua |

~~2.~~5. Beidh an Stiúrthóir freagrach don Bhord Rialaithe as a chuid gníomhaíochtaí, agus féadfaidh an Bord a dhualgais a bhaint den Stiúrthóir roimh dheireadh a théarma oifige ar thogra ón gCoimisiún.

~~3. The director shall be the legal representative of the Foundation.~~

| |
|---|
| ⇩nua |

*Airteagal 11*

**Leas an phobail agus neamhspleáchas**

Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe agus an Stiúrthóir ar mhaithe le leas an phobail agus go neamhspleách ó aon tionchar seachtrach. Chun na críche seo, tabharfaidh siad dearbhú tiomantais i scríbhinn agus dearbhú leasanna i scríbhinn gach bliain.

*Airteagal 12*

**An clár oibre bliantúil**

1. Cloífidh an clár oibre bliantúil le gach ní is ábhar, raon feidhme agus feidhmeanna an Fhorais mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 agus 2 den Rialachán seo.

2. Déanfar é a dhréachtadh faoi chuimsiú peirspictíochta leanúnaí ceithre bliana i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin agus maidir leis na tosaíochtaí caidrimh eachtraigh do na tíortha agus na réigiúin lena mbaineann.

3. Cuirfear meastachán ar an gcaiteachas is gá agus cionrannta de na hacmhainní foirne agus buiséid isteach leis na tionscadail agus na gníomhaíochtaí atá sa chlár oibre bliantúil.

4. Cuirfidh an Stiúrthóir an dréachtchlár oibre faoi bhráid an Bhoird Rialaithe tar éis don Choimisiún a thuairim a thabhairt uaidh ina leith.

5. Glacfaidh an Bord Rialaithe an dréachtchlár oibre bliantúil don bhliain ina dhiaidh sin faoin 30 Samhain ar a dhéanaí. Glacfar an clár oibre go críochnaitheach ag tús gach bliana.

6. Féadfar an clár a oiriúnú, nuair is gá, i rith na bliana tríd an nós imeachta céanna a úsáid chun éifeachtacht níos fearr de bheartais an Chomhphobail a áirithiú.

*Airteagal 13*

**Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí**

1. Cuirfidh an Stiúrthóir tuarascáil chuig an mBord Rialaithe ar fheidhmíocht a chuid dualgas i bhfoirm tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí.

2. Beidh sa tuarascáil faisnéis airgeadais agus bhainistíochta a thabharfaidh torthaí na n-oibríochtaí le fios trí thagairt a dhéanamh do na cuspóirí arna socrú, don bhaol a bhaineann leis na hoibríochtaí seo, don úsáid a bhaintear as na hacmhainní arna soláthar agus don tslí inar fheidhmigh an córas rialaithe inmheánaigh.

3. Dréachtóidh an Bord Rialaithe anailís agus measúnú maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Fhorais a bhainfidh leis an mbliain airgeadais roimhe sin.

4. Glacfaidh an Bord Rialaithe tuarascáil bhliantúil an Stiúrthóra ar ghníomhaíochtaí an Fhorais agus cuirfidh sé an tuarascáil sin agus measúnú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus na Cúirte Iniúchóirí faoin 15 Meitheamh ar a dhéanaí. Cuirfear an tuarascáil ar aghaidh freisin chuig na Ballstáit agus, chun críche faisnéise, chuig na tíortha comhpháirtíochta.

---

| |
|---|
| 🡻 1572/98 Airt. 1.13 |
| ⇨nua |

*Airteagal 14*

**Naisc le gníomhaíochtaí Comhphobail eile**

Áireoidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBord Rialaithe, comhleanúnachas agus comhlántacht idir obair an Fhorais agus gníomhaíochtaí eile ar leibhéal an Chomhphobail, laistigh den Chomhphobal agus mar chúnamh do na tíortha comhpháirtíochta.

---

| |
|---|
| 🡻1360/90 |

*Airteagal 15*

**An Buiséad**

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas iomlán an Fhorais le haghaidh gach bliana airgeadais agus taispeánfar iad i mbuiséad an Fhorais, lena n-áireofar plean bunaíochta, agus comhfhreagróidh gach bliain airgeadais don bhliain féilire.

2. Beidh an t-ioncam agus an caiteachas arna dtaispeáint i mbuiséad an Fhorais ar comhardú.

3. Beidh in ioncam an Fhorais, gan dochar do chineálacha eile ioncaim, fóirdheontas ó bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, íocaíochtaí a rinneadh mar luach saothair ar sheirbhísí a tugadh agus maoiniú ó fhoinsí eile.

4. Beidh sa bhuiséad freisin mionsonraí maidir le haon chistí a chuir na tíortha comhpháirtíochta féin ar fáil le haghaidh tionscadal a bhaineann leas as cúnamh airgeadais ón bhForas.

↓ 1648/2003 Airt. 1.4

*Airteagal 16*

**Nós imeachta buiséid**

1. Ullmhóidh an Bord Rialaithe meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas don Fhoras, bunaithe ar dhréacht arna tharraingt suas ag an Stiúrthóir gach bliain, don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Bord Rialaithe an meastachán seo, ina n-áireofar plean bunaíochta, faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta ar a dhéanaí.

⇩ nua

2. Scrúdóidh an Coimisiún an meastachán, ag féachaint do na teorainneacha beartaithe den mhéid foriomlán atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha, agus cuirfidh sé isteach i réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na hacmhainní a mheasfaidh sé is gá don phlean bunaíochta agus an méid fóirdheontais a mhuirearófar ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear "an buiséad ginearálta" anseo feasta).

↓ 1648/2003 Airt. 1.4
⇨ nua

~~2.~~3. Cuirfidh an Coimisiún an meastachán ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (dá ngairtear "údarás buiséadach" anseo feasta) in éineacht le réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

~~3. The Commission shall examine the estimate, having regard to the vocational training priorities in the eligible countries and to the overall financial orientations on economic aid to these countries. On the basis of the estimate, the Commission shall enter in the preliminary draft general budget of the European Union the estimates it deems necessary for the establishment plan and the amount of the subsidy to be charged to the general budget, which it shall place before the budgetary authority in accordance with Article 272 of the Treaty.~~

~~It shall establish on this basis, and within the proposed limits of the overall amount to be made available for economic aid to the eligible countries, the annual contribution for the budget of the Foundation to be included in the preliminary draft general budget of the European Union.~~

4. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí don fhóirdheontas a íocfar leis an bhForas.

Glacfaidh an t-údarás buiséadach an plean bunaíochta don Fhoras.

5. Glacfaidh an Bord Rialaithe an buiséad agus an plean bunaíochta. Beidh siad críochnaitheach ón uair a ghlacfar go críochnaitheach leis an mbuiséad ginearálta. Déanfar an buiséad agus an plean bunaíochta a mhodhnú dá réir sin más gá.

6. Tabharfaidh an Bord Rialaithe fógra don údarás buiséadach, a luaithe is féidir, faoi aon tionscadal atá sé ar intinn aige a chur chun feidhme a d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha

airgeadais a bheith aige ar mhaoiniú an bhuiséid, go háirithe aon tionscadal a bhaineann le maoin amhail cíos nó ceannach foirgneamh. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

Nuair a thugann brainse den údarás buiséadach fógra go bhfuil sé ar intinn aige tuairim a thabhairt, cuirfidh sé a thuairim faoi bhráid an Bhoird Rialaithe laistigh de thréimhse sé seachtaine ón dáta a fógraíodh an tionscadal.

---

| ↓ 1360/90 |
|---|

*Airteagal 17*

**Cur chun feidhme agus rialú an bhuiséid**

~~1. The director shall be the legal representative of the Foundation.~~

---

| ↓ 1648/2003 Airt. 1.5 |
|---|

~~2.~~1. Faoin 1 Márta ar a dhéanaí i ndiaidh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Fhorais na cuntais shealadacha in iúl d'oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin mar aon le tuarascáil ar an mbainistíocht buiséid agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Comhdhlúthóidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí díláraithe i gcomhréir le hAirteagal 128 den Rialachán Airgeadais.

~~3.~~2. Faoin 31 Márta ar a dhéanaí i ndiaidh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha an Fhorais faoi bhráid na Cúirte Iniúchóirí mar aon le tuarascáil ar an mbainistíocht buiséid agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Cuirfear an tuarascáil ar an mbainistíocht buiséid agus airgeadais don bhliain airgeadais sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle freisin.

---

| ⇩nua |
|---|

3. Déanfaidh an Stiúrthóir buiséad an Fhorais a chur chun feidhme.

---

| ↓1648/2003 Airt. 1.5 |
|---|

4. Nuair a gheobhaidh an Stiúrthóir barúlacha na Cúirte Iniúchóirí maidir le cuntais shealadacha an Fhorais, déanfaidh sé, de bhun Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais, cuntais chríochnaitheacha an Fhorais a tharraingt suas ar a fhreagracht féin agus cuirfidh sé iad faoi bhráid an Bhoird Rialaithe chun a thuairim a fháil.

5. Tabharfaidh an Bord Rialaithe a thuairim uaidh ar chuntais chríochnaitheacha an Fhorais.

6. Cuirfidh an Stiúrthóir, faoin 1 Iúil ar a dhéanaí i ndiaidh gach bliana airgeadais, na cuntais chríochnaitheacha seo, in éineacht le tuairim an Bhoird Rialaithe, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúchóirí.

7. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha.

8. Cuirfidh Stiúrthóir an Fhorais freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí maidir lena barúlacha faoin 30 Meán Fómhair ar a dhéanaí. Cuirfidh sé an freagra sin chuig an mBord Rialaithe freisin.

9. Cuirfidh an Stiúrthóir chuig Parlaimint na hEorpa, ar iarratas ón bParlaimint, aon fhaisnéis is gá chun nós imeachta urscaoilte réidh a chur chun feidhme don bhliain airgeadais i dtrácht, mar atá arna leagan síos in Airteagal 146(3) den Rialachán Airgeadais.

10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir roimh 30 Aibreán den bhliain N + 2, i leith cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain N.

---

⇩nua

11. Glacfaidh an Stiúrthóir gach céim is gá, más iomchuí, de réir na mbarúlacha a ghabhann leis an gcinneadh urscaoilte.

*Airteagal 18*

***Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle***

Gan dochar do na rialuithe dá dtagraítear thuas agus, go háirithe do na nósanna imeachta buiséid agus urscaoilte, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle iarratas a dhéanamh ag aon am ar bith, agus go háirithe nuair a fhoilseofar an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Fhorais, ar éisteacht leis an Stiúrthóir maidir le haon ábhar a bhaineann le gníomhaíochtaí an Fhorais.

---

🡻1648/2003 Airt. 1.6 (oiriúnaithe)

*Airteagal 19*

**Rialacha Airgeadais**

1. Glacfaidh an Bord Rialaithe na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an bhForas tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní fhéadfaidh siad imeacht ó Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún ~~an 19 Samhain 2002 maidir leis an gcreat-Rialachán Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 185 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach~~[28] mura bhfuil gá sonrach leis le haghaidh feidhmiú an Fhorais agus má fhaightear toiliú roimh ré ón gCoimisiún.

---

⇩nua

2. I gcomhréir le hAirteagal 133(1) den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Foras na rialacha cuntasaíochta a ghlac oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin i bhfeidhm ionas gur féidir a chuntais a chomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin.

[28] ~~OJ L 357, 31.12.2002, p. 72, with Corrigendum in OJ L 2, 7.1.2003, p. 39.~~

3. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 maidir leis an bhForas go huile agus go hiomlán.

4. Aontóidh an Foras le Comhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999. Déanfaidh an Bord Rialaithe an t-aontachas sin a chur ar bhonn foirmiúil agus glacfaidh sé na bearta is cuí chun cuidiú le OLAF fiosruithe inmheánacha a dhéanamh.

---

↓ 1360/90

*Airteagal 20*

**Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh feidhm maidir leis an bhForas ag an bPrótacal ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach.

---

↓2063/94 Airt. 1.8

*Airteagal ~~14~~21*

**Rialacha foirne**

Beidh foireann an Fhorais faoi rialú ag na rialacha agus rialacháin is infheidhme maidir le hoifigigh agus le seirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach.

Feidhmeoidh an Foras na cumhachtaí atá arna dtarmligean chuig an údarás ceapacháin maidir le foireann an Fhorais.

Glacfaidh an Bord Rialaithe, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na rialacha cuí cur chun feidhme i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 110 de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus in Airteagal 127 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach.

---

⇩nua

Féadfaidh an Bord Rialaithe forálacha a ghlacadh chun go bhféadfar saineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit nó ó na tíortha comhpháirtíochta a fhostú ar iasacht chuig an bhForas.

---

↓1360/90

*Airteagal 22*

**Dliteanas**

1. Beidh dliteanas conarthach an Fhorais faoi rialú ag an dlí a bhaineann leis an gconradh i dtrácht.

2. I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh an Foras, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó a sheirbhísigh ina siocair leis i bhfeidhmiú a gcuid dualgas.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh aon damáiste dá leithéid.

3. Beidh dliteanas pearsanta seirbhíseach i leith an Fhorais faoi rialú ag na forálacha ábhartha is infheidhme maidir le foireann an Fhorais.

*Airteagal 23*

**Rannpháirtíocht tríú tíortha**

---

| |
|---|
| ➔1572/98 Airt. 1.15 |
| ⇨nua |

1. Ceadóidh an Foras do thíortha nach bhfuil ina mBallstáit den Chomhphobal Eorpach ach atá tiomanta mar atá an Comhphobal agus na Ballstáit cabhair a sholáthar do na tíortha comhpháirtíochta atá sainithe in Airteagal 1 i réimse na forbartha acmhainní daonna, páirt a ghlacadh de réir socruithe a bheidh arna leagan síos i gcomhaontuithe idir an Comhphobal agus na tíortha sin, de réir an nós imeachta atá arna leagan síos in Airteagal 300 den Chonradh.

---

| |
|---|
| ➔ 1360/90 |
| ⇨nua |

Sonróidh na comhaontuithe, *inter alia*, cineál agus méid na rannpháirtíochta a dhéanfaidh na tíortha seo in obair an Fhorais agus na rialacha mionsonraithe a ghabhann leis an rannpháirtíocht sin, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais agus le foireann. ⇨ Ní dhéanfaidh comhaontuithe den sórt sin foráil go mbeidh cearta vótála ag ionadaithe ó na tríú tíortha ar an mBord Rialaithe agus ní fhéadfaidh siad forálacha a chuimsiú nach gcloíonn leis na Rialacha Foirne mar atá arna leagan síos in Airteagal 21 thuas. ⇦

2. Féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh a ghlacadh, gan gá le comhaontú a fháil, go mbeadh sé riachtanach go mbeidh tíortha den sórt sin rannpháirteach i ngrúpaí oibre *ad hoc*.

---

| |
|---|
| ➔1572/98 Airt. 1.16 |
| ⇨nua |

*Airteagal 24*

**Meastóireacht**

⇩nua

1. I gcomhréir le hAirteagal 25(4) den chreat-Rialachán Airgeadais, déanfaidh an Foras meastóireachtaí rialta *ex ante* agus *ex post* ar a chuid gníomhaíochtaí i gcás go bhfuil gá le méid suntasach a chaitheamh orthu. Cuirfear torthaí na meastóireachtaí seo in iúl don Bhord Rialaithe.

↓1572/98 Airt. 1.16
⇨nua

2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBord Rialaithe, meastóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, ar na torthaí a fuair an Foras agus ar a mhodhanna oibre i gcomhréir leis na cuspóirí, leis an mandáid agus leis na feidhmeanna atá sainmhínithe anseo ar bhonn gach ceithre bliana. Cuideoidh saineolaithe seachtracha leis an bhForas chun an mheastóireacht a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

⇩nua

3. Glacfaidh an Foras gach céim iomchuí chun aon fhadhbanna a eascróidh le linn an phróisis mheastóireachta a leigheas.

↓ 1360/90

*Airteagal 25*

**Athbhreithniú**

~~This Regulation shall be reviewed by the Council on a proposal from the Commission within five years of its entry into force.~~

⇩nua

I ndiaidh na meastóireachta, déanfaidh an Coimisiún, nuair is gá, togra maidir le hathbhreithniú fhorálacha an Rialacháin seo a thíolacadh. Má tá an Coimisiún den tuairim nach bhfuil call a thuilleadh leis an bhForas maidir leis na cuspóirí a shanntar dó, féadfaidh sé togra a dhéanamh chun an Rialachán seo a aisghairm.

⇩nua

*Airteagal 26*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1360/90, (CE) Uimh. 2063/94, (CE) Uimh. 1572/98, (CE) Uimh. 1648/2003 ón gComhairle agus Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 2666/2000 ón gComhairle, mar atá arna liostú in Iarscríbhinn I.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaolmhaireachta atá in Iarscríbhinn II.

---

| |
|---|
| ↓1360/90 |
| ⇨nua |

*Airteagal 27*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá ~~on which the competent authorities have deicided on the seat of the Foundation29~~ tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

[29] ~~The date of entry into force of the Regulation shall be published in the Official Journal.~~

# IARSCRÍBHINN I

**An Rialachán aisghairthe agus na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air**

**Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1990**

(IO L 131, 23.5.1990, lch. 1)

**Rialachán (CEE) Uimh. 2063/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994**

(IO L 216, 20.8.1994, lch. 9)

**Rialachán (CE) Uimh. 1572/98 ón gComhairle an 17 Iúil 1998**

(IO L 206, 23.7.1998, lch. 1)

**Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 2666/2000 ón gComhairle an 5 Nollaig 2000**

(IO L 306, 7.12.2000, lch. 1)

**Rialachán (CE) Uimh. 1648/2003 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003**

(IO L 245, 29.9.2003, lch. 22)

⇧

# IARSCRÍBHINN II

## Tábla comhghaolmhaireachta

| Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 an réamhrá | Airteagal 1 an réamhrá |
| Airteagal 1 deireadh an réamhrá | – |
| Airteagal 1 an chéad fhleasc go dtí an ceathrú fleasc | – |
| Airteagal 1 an dara habairt | – |
| – | Airteagal 1 deireadh an réamhrá |
| – | Airteagal 1 (a), (b) agus (c) |
| – | Airteagal 1 an dara habairt |
| Airteagal 2 | – |
| Airteagal 3 an réamhrá | Airteagal 2 an réamhrá |
| Airteagal 3 (a), (b), (c), (d), (e), (f) agus (g) | – |
| – | Airteagal 2 (a), (b), (c), (d), (e) agus f) |
| Airteagal 3 (h) | Airteagal 2 (g) |
| Airteagal 4(1) | Airteagal 3(1) |
| – | Airteagal 3(2) |
| Airteagal 4(3) an chéad abairt | Airteagal 3(3) an chéad abairt |
| – | Airteagal 3(3) an dara habairt |
| Airteagal 4(2) | – |
| – | Airteagal 3(4) agus (5) |
| – | Airteagal 4(1), (2) agus (3) |
| Airteagal 4a(1) | Airteagal 4(4) an chéad fhomhír |
| Airteagal 4a(2) | Airteagal 4(4) an dara fomhír |
| – | Airteagal 5 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 4a(3) | Airteagal 6 |
| Airteagal 5(1) | Airteagal 7(1) |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 7(2) an chéad fhomhír agus an dara fomhír |
| – | |
| Airteagal 5(3) | Airteagal 7(2) an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír |
| Airteagal 5(4) an chéad fhomhír | Airteagal 7(3) |
| – | Airteagal 7(4) an chéad abairt |
| Airteagal 5(4) an dara fomhír | Airteagal 7(4) an dara habairt |
| Airteagal 5(4) an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír | Airteagal 7(5) |
| – | Airteagal 8(1) an chéad fhomhír |
| Airteagal 5(4) an fhomhír dheireanach | Airteagal 8(1) an dara fomhír |
| Airteagal 5(5) agus (6) | Airteagal 8(1) an fhomhír dheireanach |
| Airteagal 5(7), (8), (9) agus (10) | Airteagal 8(2) agus (3) |
| - | – |
| Airteagal 6 | Airteagal 9 |
| Airteagal 7(1) na chéad fhocail | – |
| Airteagal 7(1) deireadh na céad abairte agus an dara habairt | Airteagal 10(1) na chéad fhocail |
| – | – |
| – | Airteagal 10(1) deireadh na céad abairte, an dara habairt agus an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír |
| Airteagal 7(2) | Airteagal 10(2) |
| Airteagal 7(3) | Airteagal 10(5) an chéad abairt |
| – | Airteagal 10(3) |
| – | Airteagal 10(4) pointí (a), (b), (c), (d), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k) |
| – | |
| – | Airteagal 11 |
| | Airteagal 12 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 8 (cuid de) | Airteagal 13 |
| Airteagal 9 | Airteagal 14 |
| Airteagal 10(1) | Airteagal 15 |
| – | Airteagal 16(1) |
| Airteagal 10(2) | Airteagal 16(2) |
| Airteagal 10(3) | Airteagal 16(3) |
| Airteagal 10(4), (5) agus (6) | – |
| Airteagal 11(1) | Airteagal 16(4), (5) agus (6) |
| Airteagal 11(2) agus (3) | Airteagal 17(3) |
| Airteagal 11(4), (5), (6), (7), (8), (9) agus (10) | Airteagal 17(1) agus (2) |
| – | Airteagal 17(4), (5), (6), (7), (8), (9) agus (10) |
| – | Airteagal 17(11) |
| Airteagal 12 | Airteagal 18 |
| – | Airteagal 19(1) |
| Airteagal 13 | Airteagal 19(2), (3) agus (4) |
| Airteagal 14 | Airteagal 20 |
| – | Airteagal 21 an chéad abairt agus an dara habairt agus na chéad fhocail den tríú abairt |
| Airteagal 15 | Airteagal 21 na focail dheireanacha den tríú abairt agus an abairt dheireanach |
| Airteagal 16(1) | Airteagal 22 |
| – | Airteagal 23(1) an chéad fhomhír agus an chéad abairt den dara fomhír |
| Airteagal 16(2) | Airteagal 23(1) an abairt dheireanach den dara fomhír |
| – | Airteagal 23(2) |
| Airteagal 17 (cuid de) | Airteagal 24(1) |
| – | Airteagal 24(2) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 18 | Airteagal 24(3) |
| – | – |
| – | Airteagal 25 |
| Airteagal 19 | Airteagal 26 |
| - | Airteagal 27 |
| | Iarscríbhinn |

**<u>RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH</u>**

**1. AINM AN TOGRA:**

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Foras Eorpach Oiliúna (athmhúnlú).

**2. CREAT "ABM/ABB" (BAINISTIÚ/BUNÚ AN BHUISÉID DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ)**

Réimse/réimsí beartais lena mbaineann agus aon Ghníomhaíocht ghaolmhar/Gníomhaíochtaí gaolmhara. Caidreamh Eachtrach, Forbairt Acmhainní Daonna ón dearcadh fadsaoil i leith na foghlama.

**3. NA LÍNTE BUISÉID**

**3.1. Na línte buiséid (línte oibríochtúla agus línte a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin (na seanlínte B..A) agus a gceannteidil san áireamh:**

15 02 27 An Foras Eorpach Oiliúna
15 02 27 01 An Foras Eorpach Oiliúna –Fóirdheontas le haghaidh theidil 1 agus 2

15 02 27 02 An Foras Eorpach Oiliúna –Fóirdheontas le haghaidh theideal 3

**3.2. Fad tréimhse an ghnímh agus na hiarmharta airgeadais:**

Éiginnte (fóirdheontas bliantúil d'eagraíocht atá arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 185 den Rialachán Airgeadais).

**3.3. Tréithe buiséadacha:**

| Líne Buiséid | Saghas caiteachais | | Nua | Ranníocaíocht CSTE | Ranníocaíochtaí na dtíortha is iarrthóirí | Ceannteideal sa Pheirspictíocht Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 02 27 01 | Éigeantach | Difreáilte | NÍ HEA | NÍL | NÍL | Uimh. [4] |
| 15 02 27 02 | Éigeantach | Difreáilte | NÍ HEA | NÍL | NÍL | Uimh. [4] |

## 4. ACHOIMRE AR NA hACMHAINNÍ

### 4.1. Acmhainní Airgeadais

#### *4.1.1. Achoimre ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Saghas caiteachais** | Uimh. coda | | Bliain 2008 | Bliain 2009 | Bliain 2010 | Bliain 2011 | Bliain 2012 | Bliain 2013 agus níos déanaí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas oibríochtúil**[30] | | | | | | | | | |
| Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) | 8.1. | a | 17.984 | 19.872 | 20.271 | 19.528 | 19.918 | 20.317 | 117.890 |
| Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ) | | b | 17.984 | 19.872 | 20.271 | 19.528 | 19.918 | 20.317 | 117.890 |
| **Caiteachas riaracháin laistigh den mhéid tagartha**[31] | | | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin – (LN) | 8.2.4. | c | | | | | | | |
| **AN MÉID TAGARTHA IOMLÁN** | | | | | | | | | |
| **Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí** | | a+c | 17.984 | 19.872 | 20.271 | 19.528 | 19.918 | 20.317 | 117.890 |
| **Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí** | | b+c | 17.984 | 19.872 | 20.271 | 19.528 | 19.918 | 20.317 | 117.890 |
| **Caiteachas riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha**[32] | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna agus caiteachas gaolmhar (LN) | 8.2.5. | d | | | | | | | |
| Speansais riaracháin amach ó acmhainní daonna agus costais ghaolmhara, nach n-áirítear sa mhéid tagartha (LN) | 8.2.6. | e | | | | | | | |
| **Costas táscach airgeadais iomlán na hidirghabhála** | | | | | | | | | |
| **LO IOMLÁN agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | a+c +d +e | 17.984 | 19.872 | 20.271 | 19.528 | 19.918 | 20.317 | 117.890 |

30 Caiteachas nach dtagann faoi Chaibidil xx 01 de Theideal xx lena mbaineann.

31 Caiteachas laistigh d'Airteagal xx 01 04 de Theideal xx.

32 Caiteachas laistigh de Chaibidil xx 01, seachas Airteagail xx 01 04 agus xx 01 05.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **LÍ IOMLÁN agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | b+c +d +e | 17.984 | 19.872 | 20.271 | 19.528 | 19.918 | 20.317 | 117.890 |

**Sonraí an Chómhaoinithe**

Neamh-infheidhme

*4.1.2. Comhoiriúnacht leis an gClárú Airgeadais*

✓ Tá an togra comhoiriúnach leis an gclárú airgeadais atá ann cheana.

☐ Beidh athchlárú an teidil ábhartha ag gabháil leis an togra seo sa pheirspictíocht airgeadais.

☐ Féadfaidh an togra a cheangal go mbeidh gá forálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh[33] a chur chun feidhme (i.e. ionstraim sholúbthachta nó athbhreithniú ar an bpeirspictíocht airgeadais).

*4.1.3. Iarmhairt Airgeadais ar Ioncam*

✓ Níl impleachtaí airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam

☐ **Tá iarmhairt airgeadais ag an togra seo –is í seo a leanas an éifeacht ar ioncam: Níl infheidhme4.2. Acmhainní daonna FTE (lena n-áirítear oifigigh, foireann shealadach agus sheachtrach) – féach ar na sonraí faoi phointe 8.2.1.**

| **Riachtanais Bhliantúla** | Bliain 2008 | Bliain 2009 | Bliain 2010 | Bliain 2011 | Bliain 2012 | Bliain 2013 agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| De réir an phlean bunaíochta<br>Líon iomlán gníomhairí sealadacha | 96 | 96 | 96 | 96 | 96 | 96 |
| Lasmuigh den phlean bunaíochta<br>Líon iomlán fhoireann sheachtrach an Fhorais | 34 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |

[33] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

## 5. SAINTRÉITHE AGUS CUSPÓIRÍ

### 5.1. An riachtanas is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Athmhúnlú ar an Rialachán maidir le raon feidhme agus cuspóirí an Fhorais Eorpaigh Oiliúna a thabhairt suas chun dáta i gcomhréir leis na forbairtí atá sa Chlár AE 'Liospóin agus foghlaim ar feadh an tsaoil', agus feidhmeanna an Fhorais a ath-shainmhíniú maidir le hionstraimí nua an AE um chaidreamh eachtrach.

### 5.2. An breisluach toisc an Comhphobal a bheith páirteach ann, comhchuibheas an togra le hionstraimí airgeadais eile agus le sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Bhí an Coimisiún ar an tuairim chéanna, den chuid is mó, maidir leis na conclúidí agus na moltaí a bhí i meastóireacht sheachtrach 2005-06 ar an bhForas, mar atá sonraithe in COIM(2006)832 críochnaitheach. Dhaingnigh an mheastóireacht go bhfuil an obair atá á déanamh ag an bhForas luachmhar, agus go bhfuil dearcadh dearfach ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag Toscaireachtaí an AE i leith an chaoi a chuireann an Foras saineolas ar fáil maidir le gairmoideachas agus le gairmoiliúint (GG) agus i leith na nasc idir é agus an margadh saothair. Eascraíonn a bhreisluach ón tuiscint atá aige ar an gcomhthéacs athchóirithe, óna líonra saineolaithe agus ón gcumas atá ann freagairt sholúbtha agus phras a thabhairt ar iarrataí.

### 5.3. Cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí bainteacha an togra i gcomhthéacs an chreata le haghaidh bhainistiú na ngníomhaíochtaí (ABM)

5.3.1 Cuspóirí an Fhorais

Rannchuideoidh an Foras le caighdeán na gcóras foghlama ar feadh an tsaoil agus leis an gcumas atá iontu tacú le fostaíocht, le hiomaíochas agus le comhtháthú sóisialta sna tíortha comhpháirtíochta. Is gá na gníomhíochtaí seanbhunaithe a oiriúnú do raon feidhme téamach agus scála geografach níos leithne agus do chur chuige atá bunaithe ar bheartais chun gur féidir riachtanais na n-ionstraimí nua maidir le caidreamh eachtrach a chomhlíonadh.

Sa chomhthéacs seo, beidh gá ag an bhForas le breis infheistíochta a dhéanamh in acmhainn a fhorbairt agus i dtreoirthionscadail taighde feidhmigh de réir mar a fhorbraíonn sé an saineolas agus na modhanna cur chuige is gá dá shainordú nua.

Is gá don Fhoras a fheidhmeanna a oiriúnú do na hionstraimí nua AE um chaidreamh eachtrach i dtreo athchóiriú atá tacaithe le beartais seachas le cláir.

Soláthraíonn an Foras cúnamh teicniúil faoi láthair don chlár Tempus. Tá súil go mbeidh deireadh leis seo in 2008, bliain trasdula idir an rialachán atá ann faoi láthair agus an rialachán athmhúnlaithe.

5.3.2 Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo

I gcás tíortha atá folaithe ag an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus ag an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht, foráiltear leis an rialachán athmhúnlaithe go ndéanfaidh an Foras a leanas:

- Faisnéis, anailís bheartais agus comhairle a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le forbairt acmhainní daonna agus leis an gceangal atá acu le cuspóirí beartas níos forleithne sna tíortha comhpháirtíochta;

- Tacaíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara cuí sna tíortha comhpháirtíochta chun cur lena gcumas i bhforbairt acmhainní daonna;

- Malartú faisnéise agus taithí a éascú idir bronntóirí a bhfuil baint acu le hathchóiriú na forbartha acmhainní daonna sna tíortha comhpháirtíochta;

- Tacaíocht a thabhairt chun cúnamh Comhphobail a sholáthar do thíortha comhpháirtíochta i réimse na forbartha acmhainní daonna;

- Faisnéis a scaipeadh agus líonrú agus malartú taithí agus dea-chleachtais maidir le saincheisteanna i bhforbairt acmhainní daonna a chur chun cinn idir an tAontas Eorpach agus na tíortha comhpháirtíochta agus i measc na dtíortha comhpháirtíochta féin;

- Ar iarraidh ón gCoimisiún, rannchuidiú leis an anailís a dhéantar ar éifeachtúlacht fhoriomlán an chúnaimh oiliúna a thugtar do na tíortha comhpháirtíochta.

5.3.3 Táscairí don rialachán athmhúnlaithe

| **Gníomhaíochtaí an Fhorais** | **Táscairí ar rannchuidiú an Fhorais le hiomaíochas, le fostaíocht agus le comhtháthú sóisialta trí chaighdeán na gcóras foghlama ar feadh an tsaoil a fheabhsú d'fhonn leibhéal na forbartha acmhainní daonna i dtíortha comhpháirtíochta a ardú.** |
|---|---|
| 1. Rannchuidiú le hathchóiriú san oideachas i réigiúin IPA, ENPI agus DCI (An Áise Láir) | – Anailís déanta ag an bhForas ar bheartais earnálacha agus comhairle arna glacadh ag páirtithe leasmhara maidir le nuachóiriú na hearnála oideachais agus naisc le fostaíocht i gcomhréir le beartais an AE um chaidreamh eachtrach;<br><br>– Neartú inniúlachtaí na bpáirtithe leasmhara chun athchóiriú san earnáil oideachais a shainmhíniú agus a chur chun feidhme agus méadú ar an bhfeasacht ar thaithí ábhartha AE;<br><br>– Anailís earnálacha, beartú clár agus tacaíocht tionscadal arna nglacadh mar chuid de chúnamh IPA;<br><br>– Páirt ghníomhach á glacadh ag páirtithe leasmhara ón earnáil oideachais, ag comhpáirtithe sóisialta agus ag an tsochaí shibhialta sa phróiseas athchóirithe oideachais. |

| | |
|---|---|
| 4. Tacú le forbairt beartas an Choimisiúin Eorpaigh agus na dtíortha comhpháirtíochta trí nuálaíocht agus trí fhoghlaim | – Acmhainneacht faisnéise, anailíse agus anailíse beartais agus comhairle forbartha sna tíortha comhpháirtíochta;<br><br>– Modhanna cur chuige forbartha agus curtha chun feidhme i leith acmhainn na bpáirtithe leasmhara a fhorbairt;<br><br>– Forbairt déanta ar inniúlachtaí malartaithe faisnéise idir eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bronntóirí a bhfuil baint acu le forbairt acmhainní daonna sna tíortha comhpháirtíochta;<br><br>– Forbairt déanta ar mhodheolaíochtaí chun ionchur ó bheartais agus ó chláir earnálacha a fháil i leith chláir chúnaimh an Chomhphobail i réimsí ábhartha agus treoir-mhodheolaíochtaí curtha i bhfeidhm;<br><br>– Ceachtanna cuí beartais ó chomhthéacsanna an AE agus ó chomhthéacsanna ábhartha eile gafa agus meastóireacht déanta orthu chun iad a scaipeadh sna tíortha comhphairtíochta agus ina measc. |

5.3.4 Spriocanna inghnóthaithe

Tá an sainmhíniú ar spriocanna inghnóthaithe, i gcoitinne, sa tábla thíos bunaithe ar na feidhmeanna a bhfuil súil leo agus atá beartaithe ag an gCoimisiún in COIM(2006)832 críochnaitheach agus ar an taithí i dtacaíocht athchóirithe arna forbairt ag an bhForas sa tréimhse 2000-06. Tiocfaidh forás, áfach, ar an gcastacht agus ar an gcostas de réir an rialacháin athmhúnlaithe.

| **Feidhm/gníomh** | **Sprioc inghnóthaithe teoranta do na fo-earnálacha GG agus fostaíochta 2000-06.** | **Sprioc inghnóthaithe a chuimsíonn an earnáil oideachais iomlán agus na naisc idir í agus an t-iomaíochas, an fhostaíocht agus an comhtháthú sóisialta 2007-13.** |
|---|---|---|
| Faisnéis agus anailís bheartais | Athbhreithniú beartais agus comhairle. | Athbhreithniú beartais agus comhairle mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla. |
| Acmhainn a fhorbairt | Seimineáir réigiúnacha, athbhreithniú piaraí agus cuairteanna ar an láthair ag páirtithe leasmhara na dtíortha comhpháirtíochta. | Imeachtaí náisiúnta do na páirtithe leasmhara |
| Malartú faisnéise idir eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bronntóirí ábhartha | Líonrú agus cruinnithe tréimhsiúla i measc eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí cabhrach ábhartha. | Líonrú agus cruinnithe tréimhsiúla i measc eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí cabhrach ábhartha |

| | | |
|---|---|---|
| Tacaíocht don chúnamh Comhphobail | Anailís ar bheartú clár agus sainaithint tionscadal | Saoráid tacaíochta do gach tír tosaíochta lena n-áirítear anailís ar earnálacha, beartú clár, tacaíocht don timthriall tionscadail, tuairisciú ar dhul chun cinn. |
| Scaipeadh agus líonrú | Bunú agus bainistiú líonraí páirtithe leasmhara sna tíortha comhpháirtíochta agus líonraí (fo-)réigiúnacha chun modhanna cur chuige a scaipeadh san fho-earnáil. | Bunú agus bainistiú líonraí páirtithe leasmhara sna tíortha comhpháirtíochta agus líonraí (fo-)réigiúnacha chun modhanna cur chuige a scaipeadh ar fud na hearnála oideachais |
| Meastóireacht ar éifeachtúlacht an chúnaimh oiliúna | Athbhreithniú tréimhsiúil ar chúnamh GG i dtír chomhpháirtíochta ar iarratas ón gCoimisiún | Athbhreithniú tréimhsiúil ar chúnamh don earnáil oideachais i dtír chomhpháirtíochta ar iarratas ón gCoimisiún |
| Acmhainn an Fhorais a fhorbairt | Gníomhaíochtaí forbartha foirne chun saineolas an Fhorais a chothabháil | Gníomhaíochtaí forbartha agus earcaíochta foirne chun saineolas an Fhorais a chothabháil agus acmhainn a fhorbairt |
| Taighde feidhmeach an Fhorais | Treoirthionscadail ar thaighde feidhmeach chun samhlacha athchóirithe a thástáil bunaithe ar mhodhanna cur chuige i leith bheartais an AE sna tíortha comhpháirtíochta | Treoirthionscadail ar thaighde feidhmeach chun samhlacha athchóirithe a thástáil bunaithe ar mhodhanna cur chuige i leith bheartais an AE sna tíortha comhpháirtíochta |

## 5.4. Modhanna don Chur i gCrích (táscach)

☐ ***Bainistiú láraithe***

- ☐ ag an gCoimisiún go díreach
- ☐ go hindíreach trína tharmligean chuig:
  - ☐ Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
  - ✓ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail dá dtagraítear in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais
  - ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

☐ ***Bainistiú comhpháirteach nó díláraithe***

- ☐ leis na Ballstáit
- ☐ le Tríú tíortha

☐ ***Comhbhainistiú le heagraíochtaí idirnáisiúnta (sonraigh le do thoil)***

Barúlacha ábhartha:

## 6. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

### 6.1. Córas Faireacháin

Tá Beartas um Fhaireachán agus um Mheastóireacht curtha i bhfeidhm ag an bhForas mar aon le córas bainistíochta bunaithe ar thorthaí chun feidhmíocht a thomhas i gcoinne na gcuspóirí a luadh, na dtorthaí a raibh súil leo agus na gcionrannta acmhainní. Tá táscairí socraithe ag an bhForas, laistigh dá chlár oibre bliantúil, ag leibhéil chorparáideacha, ghníomhaíochta agus tionscadail. Faoin rialachán athmhúnlaithe, déanfaidh an Foras tomhas ar ionchur agus ar aschur níos minice i gcoinne na bhfeidhmeanna athbhreithnithe arna mbeartú ag an gCoimisiún agus cuirfear na torthaí san áireamh.

Thairis sin, tá córas ag an bhForas chun feidhmíocht an Fhorais agus an tionchar atá ag an bhForas ar leibhéal tionscadail agus tíre a mheas, mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar a chóras rialaithe inmheánaigh. Infheistíonn an Foras 10% dá chistí faoi Theideal III chun measúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus faigheann sé tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha chun na críche sin.

### 6.2. Meastóireacht

*6.2.1. Meastóireacht ex-ante*

Meastóireachtaí *ex-ante* a rinne an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 25(4) den Rialachán Airgeadais Ginearálta.

*6.2.2. Bearta arna nglacadh tar éis meastóireachta idirmheánaí/ex-post (ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a fuarthas roimhe seo)*

Meastóireachtaí *ex-post* a rinne an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 25(4) den Rialachán Airgeadais Ginearálta, le tacaíocht ó mheastóirí seachtracha.

*6.2.3. Téarmaí agus minicíocht meastóireachta sa todhchaí*

Forálann an togra go ndéanfar meastóireacht *ex-post* gach ceithre bliana ar a laghad.

## 7. BEARTA FRITH-CHALAOISE

Tá an Foras faoi réir rialaithe ag an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh agus ag an gCúirt Iniúchóirí. Amhail ó 2006, tá inniúlacht iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an bhForas.

## 8. SONRAÍ NA nACMHAINNÍ

### 8.1. Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

Tá an tábla atá san iarscríbhinn bunaithe ar na toimhdí seo a leanas:

– An chionnroinnt tháscach leis an bhForas i bpeirspictíochtaí airgeadais an Chomhphobail 2007-13.

- Leanúnachas i gcionroinnt acmhainní an Fhorais de réir thosaíochtaí an Chomhphobail maidir le caidreamh eachtrach agus forbairt leanúnach mar lárionad saineolais.:
  - IPA 32.5%
  - ENPI 32.5%
  - DCI 15%[34]
  - Nuálaíocht agus foghlaim 20%[35]
- Díreoidh an Foras a chuid gníomhaíochtaí ar thíortha comhpháirtíochta ina bhfuil an Comhphobal ag infheistiú go gníomhach i bhforbairt acmhainní daonna agus ina bhfuil na réamhchoinníollacha don athchóiriú i bhfeidhm (timpeallacht institiúideach chobhsaí agus tiomanatas don athchóiriú oideachais).
- Bunaithe ar an tuarascáil ar an meastóireacht sheachtrach, ar thaithí an Fhorais agus ar na toimhdí pleanála atá sa Phlean Meántéarmach (MTP), is iad príomhfheidhmeanna an Fhorais anailís bheartais, comhairle agus ionchur a sholáthar mar chuid de chúnamh an Chomhphobail. Rannchuidíonn an fhorbairt ar acmhainn an Fhorais, an scaipeadh, an malartú faisnéise agus an mheastóireacht ar an gcúnamh oiliúna leis na feidhmeanna sin. Seo a leanas mar atá beartaithe ag an bhForas maidir le dáileadh acmhainní:
  - 20% anailís agus tacaíocht don bheartas oideachais
  - 24% acmhainneacht bheartais na dtíortha comhpháirtíochta a fhorbairt;
  - 39% ionchur i mbeartú clár earnálacha agus timthriall tionscadail an Choimisiúin;
  - 10% scaipeadh agus líonrú;
  - 3.5% malartú faisnéise i measc bronntóirí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;
  - 3.5% meastóireacht ar an gcúnamh oiliúna.

Beidh an dáileadh acmhainní féin tiomáinte ag athruithe i dtimpeallacht oibriúcháin an Fhorais, ag athruithe ar thosaíochtaí an AE agus ar iarrataí sonracha ón gCoimisiún.

[34] Léirítear méadú beag i gcomparáid leis an gcionroinnt i bPlean Meántéarmach an Fhorais (MTP) 2007-10 i bhfianaise tionscnaimh Comhphobail don Áise Láir.

[35] Tá infheistíocht i nuálaíocht agus i bhfoghlaim ríthábhachtach chun acmhainneacht an Fhorais a oiriúnú don rialachán athmhúnlaithe.

– Miondealú ar chostais bhuiséid an Fhorais bunaithe ar ghníomhaíochtaí, trína n-infheistítear 70% den fhóirdheontas i ngníomhaíochtaí oibriúcháin, agus 30% i bhforchostais. Tugann Teideal III cuntas ar thimpeall 15% d'acmhainní an Fhorais.

## Iarscríbhinn – Pointe 8.1. Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

| (Ba chóir Ceannteidil na gcuspóirí, na ngníomhartha agus na n-aschur a thabhairt) | Saghas aschuir | Meánchostas | Bliain 2008 | | Bliain 2009 | | Bliain 2010 | | Bliain 2011 | | Bliain 2012 | | Bliain 2013 agus níos | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán |
| **CUSPÓIR OIBRÍOCHTÚIL Uimh.1 Tacaíocht don IPA** | | | | 5027 | | 6.558 | | 6.689 | | 6.444 | | 6.573 | | 6.705 | | **37.997** |
| **Aschur 1** | Athbhreithniú beartais ar fhorbairt acmhainní daonna | **393** | 3 | 1207 | 4 | 1574 | 4 | 1.605 | 4 | 1.547 | 4 | 1.578 | 4 | 1.609 | **23** | **9.119** |
| **Aschur 2** | Ócáid chun acmhainn a fhorbairt | **49** | 25 | 1207 | 32 | 1574 | 33 | 1.605 | 30 | 1.547 | 30 | 1.578 | 30 | 1.609 | **180** | **9.119** |
| **Aschur 3** | Tacaíocht do bheartú clár earnálacha agus do thimthriall tionscadail an Chomhphobail | **320** | 6 | 1961 | 8 | 2558 | 8 | 2.609 | 7 | 2.513 | 7 | 2.563 | 7 | 2.615 | **43** | **14.819** |
| **Aschur 4** | Scaipeadh agus líonrú | **82** | 6 | 503 | 8 | 656 | 8 | 669 | 7 | 644 | 7 | 657 | 7 | 670 | **43** | **3.800** |
| **Aschur 5** | Anailís ar éifeachtúlacht | **197** | 1 | 151 | 1 | 197 | 1 | 201 | 1 | 193 | 1 | 197 | 1 | 201 | **6** | **1.140** |
| **Fo-iomlán Chuspóir 1** | | | 41 | **5027** | 53 | **6558** | 54 | **6.689** | 49 | **6.444** | 49 | **6.573** | 49 | **6.705** | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Gníomh 2 Tacaíocht don ENPI** | | | | 4875 | | 6359 | | 6.487 | | 6.249 | | 6.374 | | 6.501 | | **36.845** |
| **Aschur 1** | Athbhreithniú beartais ar fhorbairt acmhainní daonna | **382** | 3 | 1170 | 4 | 1526 | 4 | 1.557 | 4 | 1.500 | 4 | 1.530 | 4 | 1.560 | **23** | **8.843** |
| **Aschur 2** | Ócáid chun acmhainn a fhorbairt | **38** | 31 | 1170 | 40 | 1526 | 41 | 1.557 | 37 | 1.500 | 37 | 1.530 | 37 | 1.560 | **223** | **8.843** |
| **Aschur 3** | Tacaíocht do bheartú clár earnálacha agus do thimthriall tionscadail an Chomhphobail | **248** | 8 | 1901 | 10 | 2480 | 10 | 2.530 | 9 | 2.437 | 9 | 2.486 | 9 | 2.536 | **55** | **14.370** |
| **Aschur 4** | Scaipeadh agus líonrú | **79** | 6 | 487 | 8 | 636 | 8 | 649 | 7 | 625 | 7 | 637 | 7 | 650 | **43** | **3.685** |
| **Aschur 5** | Anailís ar éifeachtúlacht | **191** | 1 | 146 | 1 | 191 | 1 | 195 | 1 | 187 | 1 | 191 | 1 | 195 | **6** | **1.105** |
| **Fo-iomlán 2** | | | 49 | **4875** | 63 | **6359** | 64 | **6.487** | 58 | **6.249** | 58 | **6.374** | 58 | **6.501** | | |
| **Gníomh 3 Tacaíocht don Áise Láir (DCI)** | | | | 2.285 | | 2.980 | | 3.041 | | 2.929 | | 2.988 | | 3.048 | | **17.270** |
| **Aschur 1** | Athbhreithniú beartais ar fhorbairt acmhainní daonna | **382** | 2 | 548 | 2 | 715 | 2 | 730 | 2 | 703 | 2 | 717 | 2 | 731 | **12** | **4.145** |
| **Aschur 2** | Imeachtaí chun acmhainn a fhorbairt | **38** | 14 | 548 | 19 | 715 | 19 | 730 | 17 | 703 | 17 | 717 | 17 | 731 | **103** | **4.145** |
| **Aschur 3** | Tacaíocht do bheartú clár earnálacha agus do thimthriall tionscadail an Chomhphobail | **248** | 4 | 891 | 5 | 1.163 | 5 | 1.186 | 4 | 1.142 | 4 | 1.165 | 4 | 1.189 | **26** | **6.736** |
| **Aschur 4** | Scaipeadh agus líonrú | **79** | 3 | 229 | 4 | 298 | 4 | 304 | 4 | 293 | 4 | 299 | 4 | 305 | **23** | **1.727** |
| **Aschur 5** | Anailís ar éifeachtúlacht | **191** | 0 | 69 | 0 | 89 | 0 | 91 | 0 | 88 | 0 | 90 | 0 | 91 | **0** | **518** |
| **Fo-iomlán 3** | | | 23 | **2.285** | 30 | **2.980** | 30 | **3.041** | 27 | **2.929** | 27 | **2.988** | 27 | **3.048** | | |
| **Gníomh 4 Nuálaíocht agus foghlaim (ILP)** | | | | 3.047 | | 3.975 | | 4.054 | | 3.906 | | 3.984 | | 4.063 | | **23.028** |
| **Aschur 1** | Acmhainn a fhorbairt d'anailís bheartais agus do thacaíocht earnálacha | **1.987** | 1 | 1.523 | 1 | 1.987 | 1 | 1.622 | 1 | 1.562 | 1 | 1.593 | 1 | 1.625 | **6** | **9.913** |
| **Aschur 2** | Tionscadail taighde fheidhmigh i leith na foghlama | **318** | 4 | 1.219 | 5 | 1.590 | 6 | 2.027 | 6 | 1.953 | 6 | 1.992 | 6 | 2.032 | **33** | **10.812** |
| **Aschur 3** | Malartú faisnéise i measc eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha | **132** | 2 | 305 | 3 | 397 | 3 | 405 | 3 | 391 | 3 | 398 | 3 | 406 | **17** | **2.303** |
| **Fo-iomlán 4** | | | 7 | **3.047** | 9 | **3.975** | 10 | **4.054** | 10 | **3.906** | 10 | **3.984** | 10 | **4.063** | | |
| **Gníomh 5 Cúnamh teicniúil Tempus** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Aschur 1** | Cúnamh teicniúil Tempus III | **1.600** | 1 | **1.600** | | | | | | | | | | | 1 | **1.600** |
| **Aschur 2** | **Aisdúichiú** | **1.150** | 1 | **1.150** | | | | | | | | | | | 1 | **1.150** |
| **Fo-iomlán 5** | | **2.750** | | **2.750** | | | | | | | | | | | | |
| COSTAS IOMLÁN | | | | **17.984** | | **19.872** | | **20.271** | | **19.528** | | **19.918** | | **20.317** | | **117.890** |

## 8.2. Caiteachas Riaracháin

### *8.2.1. Líon agus saghas acmhainní daonna*

| Cineálacha post | | Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an gníomh a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó acmhainní breise (an líon post/FTE) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain 2008 | Bliain 2009 | Bliain 2010 | Bliain 2011 | Bliain 2012 | Bliain 2013 |
| Oifigigh nó foireann shealadach[36] (XX 01 01) | A*/AD | 54 | 54 | 54 | 54 | 54 | 54 |
| | B*, C*/AST | 42 | 42 | 42 | 42 | 42 | 42 |
| Foireann arna maoiniú[37] ag Airteagal XX 01 02 | | | | | | | |
| Foireann eile[38] arna maoiniú ag Airteagal XX 01 04/05 | | 34 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **IOMLÁN** | | 130 | 126 | 126 | 126 | 126 | 126 |

### *8.2.2. Cur síos ar na cúraimí a thagann as an ngníomh*

### *8.2.3. Foinsí na n-acmhainní daonna (reachtúla)*

☐ Poist leithdháilte faoi láthair ar bhainistíocht an chláir agus a bheidh le hathrú nó le síneadh.

☐ Poist leithdháilte laistigh de chleachtadh APS/PDB do bhliain n

✓ Poist a iarrfar sa chéad nós imeachta APS/PDB eile

☐ Poist a athimscarfar ag baint úsáide as na hacmhainní atá ann cheana laistigh den tseirbhís (athimscaradh inmheánach)

☐ Poist is gá do bhliain n cé nach raibh siad á dtuar i gcleachtadh APS/PDB na bliana a bhí i gceist

**N.B.: Acmhainní daonna reachtúla, de réir Phlean an Fhorais um Beartas Foirne Ilbhliantúil (MASP) 2007-2010.**

### *8.2.4. Caiteachas eile riaracháin a fholaítear sa mhéid tagartha (XX 01 04/05 – Caiteachas ar bhainistiú riaracháin)*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

[36] Costas NACH bhfuil clúdaithe ag an méid tagartha.
[37] Costas NACH bhfuil clúdaithe ag an méid tagartha.
[38] Costas ar áireamh sa mhéid tagartha.

| Líne Buiséid<br><br>(uimhir agus ceannteideal) | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5<br><br>agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1. Cúnamh teicniúil agus riaracháin (lena n-áirítear costais a bhaineann le foireann)** | | | | | | | |
| Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin[39] | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin eile | | | | | | | |
| - *intra muros* | | | | | | | |
| - *extra muros* | | | | | | | |
| **Cúnamh teicniúil agus riaracháin iomlán** | | | | | | | |

### 8.2.5. *Costas airgeadais na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara* ***nach*** *n-áirítear sa mhéid tagartha*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Cineál acmhainní daonna | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5<br><br>agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach (XX 01 01) | | | | | | |
| Foireann atá á maoiniú ag Airteagal XX 01 02 (foireann chúnta, END, foireann ar conradh, etc.)<br><br>(sonraigh an líne buiséid) | | | | | | |
| **Costas iomlán na nAcmhainní Daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | | | | | | |

Ríomh – ***Oifigigh agus Gníomhairí sealadacha***

[39] Ba cheart tagairt a dhéanamh don ráiteas airgeadais reachtach sonrach le haghaidh na Gníomhaireachta/nGníomhaireachtaí Feidhmiúcháin lena mbaineann.

| |
|---|
| Ríomh – ***Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02*** |

*8.2.6. Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5 agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| XX 01 02 11 01 – Misin | | | | | | | |
| XX 01 02 11 02 – Cruinnithe agus comhdhálacha | | | | | | | |
| XX 01 02 11 03 - Coistí[40] | | | | | | | |
| XX 01 02 11 04 – Staidéir agus Comhairliúcháin | | | | | | | |
| XX 01 02 11 05 – Córais Faisnéise | | | | | | | |
| **2. Caiteachas bainistíochta iomlán eile (XX 01 02 11)** | | | | | | | |
| **3. Caiteachas eile de chineál riaracháin** (sonraigh agus cuir isteach tagairt don líne buiséid) | | | | | | | |
| **Iomlán an chaiteachais riaracháin cé is moite d'acmhainní daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | | | | | | | |

| |
|---|
| Ríomh – ***Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha*** |

[40] Sonraigh an saghas coiste agus an grúpa a mbaineann sé leis.